2023/2659

28.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2659 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Samhain 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 30 Márta 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí teireataláite poileitiléine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh sé Fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ('an Fógra Tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú i ndiaidh gearán a rinne PET Europe ('an gearánach') an 14 Feabhra 2023. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal TPE an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. An fhianaise a bhí sa ghearán maidir le dumpáil agus leis an mbagairt díobhála ba thoradh di, ba leor an fhianaise í chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

1.2. Clárú allmhairí

(3) An 31 Bealtaine 2023, chuir an gearánach iarratas isteach ar chlárú allmhairí TPE de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Mar a fheictear i dTábla 1, sa chás seo, agus comparáid á déanamh idir na hallmhairí ó thionscnamh an imscrúdaithe ar aghaidh (i.e. mí Aibreáin go dtí mí Iúil 2023) agus an tréimhse imscrúdúcháin (i.e. an bhliain féilire 2022) agus na míonna céanna sa tréimhse imscrúdúcháin bunaithe ar staidreamh Eurostat, níor tháinig aon mhéadú ar allmhairí agus dá bhrí sin níor comhlíonadh an coinníoll dlíthiúil faoi Airteagal 10(4)(d). Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gan allmhairí TPE de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chlárú.

Tábla 1

Allmhairí ón tSín in IP agus tar éis an tionscnaimh (tonaí)

	An tréimhse imscrúdúcháin	An tréimhse imscrúdúcháin, an meán míosúil	Aibreán – Iúil 2023	Aibreán – Iúil 2023, an meán míosúil
Allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas	305 055	25 421	100 657	25 164

Foinse: Eurostat

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
[2] Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí teireataláite poileitiléine áirithe('TPE') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C 115, 30.3.2023, lch. 5).

(4) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta mura leor an fhianaise atá aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcomhlíontar na ceanglais faoi phointe (c) nó (d) d'Airteagal 10(4). Ós rud é nár tháinig aon mhéadú ar allmhairí, mar a leagtar amach thuas, chinn an Coimisiún gan allmhairí TPE de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta.

1.3. **Páirtithe leasmhara**

(5) San Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun páirt a ghlacadh san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, d'údaráis na Síne, d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí aitheanta, gur tionscnaíodh an t-imscrúdú agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ann.

(6) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

1.4. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(7) I ndiaidh an tionscnaimh, fuarthas barúlacha ó Chónaidhm Thionscal Peitriliam agus Ceimiceán na Síne ('CPCIF'), ó chomhlachas úsáideoirí Aontas na gComhlachas Eorpach um Dheochanna Boga ('UNESDA'), agus ó allmhaireoir neamhghaolmhar (Svepol). Chuir an gearánach freagairtí isteach maidir leis na barúlacha sin.

(8) Mhaígh an dá chomhlachas gur theip ar an ngearánach achoimrí neamhrúnda fiúntacha ar fhaisnéis shonrach a sholáthar, go háirithe maidir le tuarascáil ICIS ar fhorbairt an phraghais ar pharaixiléin, ceann de na hamhábhair chun TPE a tháirgeadh, agus maidir le dúnadh agus díomhaoin láithreáin táirgthe an Aontais. Mhaígh UNESDA freisin go raibh roinnt iarscríbhinní ar iarraidh.

(9) Sa leagan oscailte den ghearán, leagadh amach conclúidí thuarascáil ICIS ar éabhlóid an phraghais ar pharaixiléin i mír 141, inar míníodh gur tháinig méadú suntasach ar phraghas na paraixiléine le linn 2022, rud a théann i gcion ar phraghas allmhairiúcháin TPE ó gach ceann scríbe allmhairiúcháin. Tugadh le fios san achoimre ar an iarscríbhinn oscailte ábhartha a ghabhann leis an ngearán go raibh faisnéis san iarscríbhinn sin maidir le díomhaoin agus dúnadh táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus na tréimhse imscrúdúcháin a bhain leis an ngearán sin. Níor thug UNESDA le fios cad iad na hiarscríbhinní sonracha a bhí ar iarraidh. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh achoimre fhiúntach neamhrúnda sa ghearán ar an bhfaisnéis uile a bhí sa ghearán agus diúltaíodh an maíomh.

(10) Ina theannta sin, d'áitigh an dá chomhlachas go raibh an gearán neamhréireach agus mícheart maidir le líon na dtáirgeoirí TPE atá san Aontas, ag maíomh i gcuid den ghearán go bhfuil 12 tháirgeoir ann agus ag maíomh in áiteanna eile sa ghearán go bhfuil thart ar 40 táirgeoir ann.

(11) Mar a mhínigh an gearánach, earráid chlóghrafach ba chúis leis an neamhréireacht sin. Shoiléirigh an gearánach go bhfuil tionscal an Aontais comhdhéanta de 12 chuideachta a tháirgeann TPE ógh agus, chomh maith leo siúd, go bhfuil thart ar 40 táirgeoir níos lú de chuid an Aontais ann nach dtáirgeann ach TPE athchúrsáilte amháin. Cuireadh na cuideachtaí a raibh an gearánach ar an eolas fúthu san áireamh in iarscríbhinn oscailte a bhí ag gabháil leis an ngearán.

(12) Mhaígh UNESDA nach gcuirtear na táscairí eacnamaíocha faoi staid an tionscail intíre i láthair ar bhealach aonfhoirmeach. Tagraíonn faisnéis chomhchosúil do 'ghearánaigh'; 'táirgeoirí an Aontais'; 'páirtithe gaolmhara'; 'páirtithe neamhghaolmhara' gan míniú a thabhairt faoi cad atá clúdaithe faoi gach ainmniú a fhágann go bhfuil an t-eolas dothuigthe. Cuirtear sonraí measta ar fáil gan míniú a thabhairt ar an modheolaíocht a úsáideadh.

(13) Ós rud é nár shonraigh UNESDA cad iad na codanna beachta den ghearán ina raibh na tagairtí do na gníomhaithe éagsúla ar mhargadh an Aontais dothuigthe agus cad iad na sonraí a soláthraíodh gan míniú, ní fhéadfadh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar an maíomh sin agus dhiúltaigh sé é.

(14) D'áitigh UNESDA nach raibh sonraí faoin tionscal TPE athchúrsáilte san fhaisnéis a soláthraíodh sa ghearán chun tacú le líomhain na bagartha nó ná díobhála lena ndéanfaí athrú ar na conclúidí maidir le buntosca na díobhála nuair a chuirfí san áireamh iad.

(15) Bhí sonraí measta maidir leis an tionscal TPE athchúrsáilte sa ghearán ina mheasúnú ar an mbagairt díobhála. Bhí an fhaisnéis sin bunaithe ar fhigiúirí acmhainneachta mionsonraithe in aghaidh táirgeoir PTE ógh a fuarthas trí fhaisnéis mhargaidh ó PET Europe agus ó na táirgeoirí is déantóir gearáin, agus a eachtarshuíodh le haghaidh na dtáscairí díobhála eile (amhail táirgeacht agus díolacháin). Bhí ionadaíocht á déanamh ag an ngearánach do 11 táirgeoir, a tháirg TPE ógh den chuid ba mhó. De bhun Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán, ní mór faisnéis a bheidh ar fáil go réasúnach don ghearánach a bheith i ngearán. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh na sonraí measta maidir leis an tionscal TPE athchúrsáilte leordhóthanach ag céim an ghearáin.

(16) Mhaígh Svepol nár osclaíodh an t-imscrúdú ach chun deireadh a chur le hiomaíocht agus chun infheistíochtaí idirnáisiúnta TPE ceann de na táirgeoirí is déantóir gearáin a chosaint amháin.

(17) Mheas an Coimisiún nach raibh sa mhaíomh sin ach tuairimíocht nár sholáthair an t-allmhaireoir aon fhianaise shubstainteach ina leith. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún an maíomh.

1.5. **Sampláil**

(18) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.5.1. *Sampláil táirgeoirí de chuid an Aontais*

(19) Ina Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid ionadaíoch ba mhó dhíolachán agus tháirgeacht an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a d'fhéadfaí a imscrúdú le réasún laistigh den am a bhí ar fáil. Is éard a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais lenar bhain 35 % den táirgeacht iomlán mheasta san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt faoin sampla sealadach.

(20) D'áitigh ceann de na húsáideoirí, Refresco, nár cumhdaíodh sa rogha ach cion beag den táirgeadh TPE. D'iarr an t-úsáideoir freisin go gcuirfí dhá tháirgeoir eile leis an sampla (JBF agus Plastiverd), táirgeoirí a bhfuil suiteálacha nua-aimseartha acu ar cheart dóibh a bheith ábalta táirgeadh a dhéanamh go tíosach, atá níos gaire d'úsáideoirí sa Fhrainc agus sa Spáinn, agus, mar sin, go gcumhdódh siad cuid níos mó den táirgeadh Eorpach agus ar bhonn geografach go gcumhdódh siad bonn custaiméirí níos mó ar a bhfreastalaíonn na táirgeoirí.

(21) Trí na trí tháirgeoir agus díoltóir is mó de chuid an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin a roghnú, agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla, chumhdaigh an Coimisiún an méid ionadaíoch is mó táirgeachta agus díolachán a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán. Tá 35 % den táirgeadh iomlán measta san Aontas ag na cuideachtaí roghnaithe, agus is cuid shubstaintiúil ionadaíoch de tháirgeadh an Aontais é mar sin. Le rogha na dtáirgeoirí atá lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla, áirithítear cumhdach geografach leathan mar an gcéanna. Thairis sin, níor sholáthair Refresco aon fhianaise nach raibh aon saoráidí nua-aimseartha ag na cuideachtaí roghnaithe lenar féidir an táirge a dhéanamh níos tíosaí ná níor mhínigh sé conas a bheadh sé sin ina chritéar ábhartha agus sampla ionadaíoch á roghnú. Dá bhrí sin, diúltaíodh maíomh Refresco ar athbhreithniú ar an sampla.

(22) Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh sampla na dtáirgeoirí de chuid an Aontais ionadaíoch do thionscal an Aontais.

1.5.2. *Sampláil allmhaireoirí*

(23) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(24) Sholáthair allmhaireoir neamhghaolmhar amháin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. Ós rud é nár fhreagair ach cuideachta amháin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.5.3. *Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne*

(25) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh atá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(26) Sholáthair ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin is fiche sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí ghrúpa cuideachtaí ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(27) Rinne Hainan Yisheng Petrochemical Co Ltd, ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, a chomhar a tharraingt siar. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún China Resources Chemical Innovative Materials Group a chur in ionad na cuideachta sin sa sampla. Bhí cainníochtaí onnmhairiúcháin an Ghrúpa sin den táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas mar a tuairiscíodh sa cheistneoir samplála ar na cinn ba mhó i measc na coda eile de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Chuimsigh an sampla deiridh de tháirgeoirí onnmhairiúcháin thart ar 65 % de na honnmhairí arna dtuairisciú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla deiridh. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.

1.6. **Scrúdú aonair**

(28) D'iarr cúig tháirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Níor thug aon duine acu freagra ar an gceistneoir, áfach.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(29) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(30) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chuig na hallmhaireoirí agus chuig na húsáideoirí aitheanta. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne an lá a tionscnaíodh iad ([3]).

(31) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil agus le díobháil dá bharr agus le leas an Aontais. Ba ar áitreabh na gcuideachtaí seo a leanas a tugadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

(a) Táirgeoirí de chuid an Aontais:

— Equipolymers Gmbh, an Ghearmáin

— Indorama Ventures Europe BV, an Ísiltír

— Neo Group UAB, an Liotuáin

(b) Allmhaireoirí:

— Svepol, an Bhulgáir

(c) Táirgeoirí onnmhairithe sa tSín:

Wankai New Materials Group ('Wankai Group'):

— Wankai New Materials Co., Ltd. ('Wankai')

— Chongqing Wankai New Materials Technology Co. Ltd. ('Chongqing Wankai')

([3]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2661

Sanfame Group:

— Jiangsu Hailun Petrochemical Co., Ltd ('Hailun')

— Jiangsu Xingye Plastics Co., Ltd. ('Xingye')

— Jiangyin Xingu New Material Co., Ltd. ('Xingyu')

— Jiangyin Xingtai New Material Co., Ltd. ('Xingtai')

China Resources Chemical Innovative Materials Group ('CRCIM Group'):

— China Resources Chemical Innovative Materials CO., LTD. ('CRCIM')

— Zhuhai China Resources Chemical Innovative Materials Co., Ltd. ('Zhuhai CRCIM')

1.8. **Tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(32) Cumhdaítear leis an imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 ('an tréimhse imscrúdaithe'). San imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh an tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. **AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **Táirge faoi imscrúdú**

(33) Is é an táirge faoi imscrúdú teireataláit phoileitiléine ('PET'), ag a bhfuil slaodacht 78 ml/g nó níos airde, de réir Chaighdeán ISO 1628-5, a thagann faoi láthair faoi chód AC 3907 61 00 ('an táirge faoi imscrúdú').

(34) Táirge ceimiceach is ea TPE a úsáidtear i dtionscal na bplaisteach de ghnáth chun buidéil agus leatháin a tháirgeadh. Baineann sé leis an aicme teirmeaplaistigh, i.e. an aicme plaisteach is féidir a leá nuair a dhéantar iad a théamh, a chruachan nó a fhuarú. Tá na saintréithe sin inchúlaithe. Is é sin le rá, gur féidir iad a atéamh, a athmhúnlú agus a reo arís agus arís eile, rud a fhágann go bhfuil siad in-athchúrsáilte go hiomlán.

2.2. **An Táirge atá i gceist**

(35) Is é TPE an táirge lena mbaineann, ar táirge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é ('an táirge lena mbaineann').

2.3. **Táirge comhchosúil**

(36) Léiríodh leis an imscrúdú gurb ionann na bun-saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha mar aon leis na bunúsáidí céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargaí intíre Dhaon-Phoblacht na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais san Aontas.

(37) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon táirge**

(38) Fuarthas maímh maidir le raon feidhme táirge an imscrúdaithe ó Jiangsu Ceville New Materials Technology Co., Ltd. ('Ceville'), táirgeoir onnmhairiúcháin a athchúrsálann TPE iarthomhaltais chun millíní TPE a tháirgeadh le haghaidh teagmháil dhíreach bhia. Ina aighneacht, d'iarr Ceville go n-eisiafaí TPE athchúrsáilte ón táirge faoi imscrúdú agus d'áitigh sé go bhfuil saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha, úsáid, amhábhair, próiseas táirgthe, agus táirgeoirí TPE athchúrsáilte an-éagsúil le TPE ógh.

(39) Ar an gcéad dul síos, shonraigh sé, ag brath ar cháilíocht an phróisis athchúrsála, gur féidir leis na saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna a bheith ag TPE athchúrsáilte agus ag TPE ógh agus go bhfuil siad inmhalartaithe maidir leis na húsáidí deiridh céanna. Ar an dara dul síos, tá TPE (bíodh sé ina TPE ógh nó ina TPE athchúrsáilte) déanta ar deireadh as an gcomh-mhóilín céanna, agus tá an próiseas táirgthe neamhábhartha mar go mbaineann saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha den chineál céanna leis an dá chineál TPE. Ar an tríú dul síos, cé go bhféadfadh táirgeoirí TPE athchúrsáilte a bheith difriúil ó tháirgeoirí TPE ógh agus cé go bhféadfadh teorainn a bheith le hallmhairí PTE ógh ó Dhaon-Phoblacht na Síne, shuigh an Coimisiún go raibh acmhainneacht táirgeachta PTE ógh agus PTE athchúrsáilte araon ag roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne agus go raibh siad in ann PTE athchúrsáilte a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcásanna áirithe. Ar an gceathrú dul síos, tá TPE ógh agus TPE athchúrsáilte inionadaithe agus téann siad san iomaíocht le chéile. Thairis sin, déanann aon athrú ar phraghas TPE ógh difear do phraghas TPE athchúrsáilte agus a mhalairt. Dá bhrí sin, diúltaíodh an maíomh ó Ceville.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta um an ngnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(40) Ó tharla gur leordhóthanach an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe lenar tugadh le fios gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(41) Dá dheasca sin, chun na sonraí a bhailiú, ar sonraí iad is gá chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san Fhógra Tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun SWT a tháirgeadh. Chuir deich dtáirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(42) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé iomchuí dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ní bhfuarthas aon fhreagra ó Rialtas na Síne. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.

(43) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(44) An 12 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an Chéad Nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh.

(45) Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail na hamhábhair, an saothar agus an fuinneamh a úsáidtear chun TPE a tháirgeadh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar lena dtreoraítear rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún dhá thír ionadaíocha fhéideartha, is iad sin an Tuirc agus an Mhalaeisia. Fuair an Coimisiún barúlacha ar an gCéad Nóta ó chomhlachas táirgeoirí na Síne, CPCIF, ón allmhaireoir neamhghaolmhar Svepol, ón táirgeoir onnmhairiúcháin Wankai Group agus ón ngearánach.

(46) An 27 Iúil 2023, thug an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha a fuarthas ó pháirtithe leasmhara ar an gCéad Nóta leis an dara nóta ('an Dara Nóta') agus chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurb í an Mhalaeisia an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl do pháirtithe leasmhara freisin go suífeadh sé síos costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin ('costais SGA') agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don chuideachta MPI Polyester Industries Sdn. Bhd. ('MPI'), táirgeoir sa tír ionadaíoch.

(47) Chuir allmhaireoir neamhghaolmhar amháin (Svepol JSC), comhlachas táirgeoirí Síneach (CPCIF) agus dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte (Wankai Group agus Sanfame Group) barúlacha faoi bhráid an Choimisiúin.

(48) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha agus ar an bhfaisnéis a fuarthas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tír ionadaíoch iomchuí í an Mhalaeisia óna bhféadfaí praghsanna agus costais neamhshaofa a fháil chun an gnáthluach a chinneadh. Tuairiscítear na bunchúiseanna leis an rogha sin ar bhonn níos mionsonraithe i Roinn 3.2.2. thíos.

3.2. **Gnáthluach**

(49) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán,'*beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*'.

(50) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*' agus '*áireofar ar an ngnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar '*costais díola, ghinearálta agus riaracháin*').

(51) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus i bhfianaise na heaspa comhoibrithe ó Rialtas na Síne, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

3.2.1.1. Réamhrá

(52) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i 'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu'. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, *inter alia*, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile'.

(53) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal (2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá aird a thabhairt ar na gnéithe uile chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar na tosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gur ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta. Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. D'fhéadfaí go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú foriomlán ar shaobhadh a bheith ann freisin an comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir, go háirithe i gcás ina soláthraítear le gnéithe bunúsacha leagan amach eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ionas nach mbeidh praghsanna ná costais mar thoradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh.

(54) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i]*gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(55) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir le Daon-Phoblacht na Síne ('an Tuarascáil') ([4]), ina dtaispeántar gur ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar go leor leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i gcuid mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhar agus saothar) chomh maith le hearnálacha sonracha (amhail cruach agus ceimiceáin). Cuireadh an Tuarascáil leis an gcomhad imscrúdaithe ag céim an tionscnaimh agus iarradh ar pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a dhiúltú, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh.

(56) Soláthraíodh fianaise bhreise sa ghearán gur ann do shaobhadh suntasach san earnáil TPE de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), a chomhlánaíonn an Tuarascáil. Go sonrach, tugadh le fios sa ghearán nach gcinntear le fórsaí an mhargaidh leitheadúlacht na bhFiontar faoi Úinéireacht Stáit i nDaon-Phoblacht na Síne agus an tionchar agus an smacht atá ag Páirtí Cumannach na Síne ar fhiontair phríobháideacha. Maíodh sa ghearán freisin go laghdaítear go saorga le beartais idirghabhálacha Stáit praghsanna intíre na n-amhábhar i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a mbíonn costais níos ísle ar tháirgeadh táirgí críochnaithe amhail TPE mar thoradh air.

(57) Luadh sa ghearán freisin go raibh leithdháileadh acmhainní nach bhfuil mhargadhbhunaithe agus easpa iomaíocht chóir mar thoradh ar na beartais cheannasacha faoi úinéireacht an stáit agus ar bheartais cheannasacha idirghabhálacha an rialtais in earnáil phríobháideach Pháirtí Cumannach na Síne. Dar leis na ngearánach, tá an timpeallacht dhlíthiúil i nDaon-Phoblacht na Síne fabhrach do chleachtais saofa amhail rochtain fhabhrach ar mhaoiniú, ar thalamh, ar fhuinneamh agus is ann do shrianta ar rochtain ar an margadh, rud a fhágann go bhfuil ró-acmhainneachtaí i dtionscail atáthar a spreagadh. Ina theannta sin, rialaíonn an Stát agus Páirtí Cumannach na Síne na coinníollacha iomaíochta i nDaon-Phoblacht na Síne agus spreagann siad leithdháiltí acmhainní in earnálacha straitéiseacha. Ina theannta sin, líomhnaíodh sa ghearán go bhfuil tionchar díreach ag an CPL ar chinnteoireacht na bhfiontar atá faoi úinéireacht phríobháideach agus faoi úinéireacht an stáit agus go bhfuil a n-infheistíocht go léir faoi réir a bhformheasta ag an gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú ('NDRC').

(58) Go sonrach, rinneadh tagairt sa ghearán do shaobhadh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) Peitriliam agus amhábhair eile

Sonraíodh sa ghearán go bhfuil praghsanna fuinnimh thar a bheith saofa agus nach bhfuil siad mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh. Go suntasach, líomhnaíodh gurbh ghnách do Rialtas na Síne an praghas miondíola le haghaidh peitriliam scagtha a shocrú ar leibhéal nach gcoinníonn suas le praghsanna idirnáisiúnta agus go bhfuil praghsanna á gcoigeartú ag NDRC ó bhí 2013 ann nuair a thagann athrú níos mó ná RMB 50 in aghaidh an tona ar feadh tréimhse 10 lá oibre ar na praghsanna idirnáisiúnta. Dearbhaíodh leis an ngearán freisin go bhfuil praghsáil uisce i nDaon-Phoblacht na Síne ró-íseal agus gur féidir a mheas gur saobhadh atá ann. Ar deireadh, mheas an gearánach go rialaíonn an Stát soláthar, dáileadh agus úinéireacht amhábhar go háirithe trí úsáid a bhaint as stoc-charnadh, stiúradh gníomhaíochtaí infheistíochta agus trí fhiontair faoi úinéireacht Stáit a bhfuil 52 % de thionscal na n-amhábhar ceimiceach i nDaon-Phoblacht na Síne acu.

(b) Costais fuinnimh

Tagraíodh sa ghearán don Tuarascáil agus meabhraíodh ann rannpháirtíocht shuntasach an Stáit i dtáirgeadh leictreachais agus i gcinneadh praghsanna leictreachais. Go suntasach, luadh go bhfuil praghsanna fuinnimh á rialú ag an Stát agus go gcuirtear fuinneamh níos saoire ar fáil d'fhothacar tionscal.

(c) Caipiteal

Tagraíodh siar sa ghearán don Tuarascáil lena chur i dtábhacht go dtéann saobhadh sistéamach suntasach i gcion ar an gcóras creidmheasa chorparáidigh i nDaon-Phoblacht na Síne. Tagraíodh sa ghearán freisin do ráiteas a rinne Roinn Airgeadais na Stát Aontaithe in Imscrúdú um Dhleacht Frithchúitimh ar dá réir a ndéantar córas airgeadais na Síne a shaobhadh.

(d) Costais saothair

([4]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD 483 final/2.

Meabhraíodh sa ghearán barúil an Choimisiúin sa Tuarascáil lena thaispeáint nach toradh ar ghnáthfhórsaí margaidh ná ar idirbheartaíocht idir cuideachtaí agus an lucht saothair é pá. Luadh ann freisin imscrúdú cosanta trádála roimhe seo lena ndeimhnítear gur ann do shaobhadh ar mhargadh an tsaothair i nDaon-Phoblacht na Síne. Chuir an gearánach i dtábhacht freisin tionchar an chórais *hukou* ar chostais saothair, an easpa ceart sainráite chun dul ar stailc agus an easpa cómhargáil neamhspleách.

(e) Costais talún

Míníodh sa ghearán go léirítear i roinnt doiciméid oifigiúla go leithdháiltear talamh go fabhrach ar fhiontair faoi úinéireacht Stáit agus tagraíodh ann don Tuarascáil agus d'imscrúduithe cosanta trádála roimhe seo lena áitiú go bhfuil an praghas a íoctar ar chearta úsáide talún faoi bhun luach an mhargaidh. Ina theannta sin, luadh gur aimsigh údaráis eile a rinne imscrúdú ar an staid i nDaon-Phoblacht na Síne saobhadh freisin maidir le soláthar fabhrach talún.

(f) Cleachtais saofa eile sa mhargadh TPE

Cuireadh i dtábhacht sa ghearán gur peitriceimiceáin iad na príomh-amhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh TPE, ar earnáil tosaíochta í de réir an 13ú agus an 14ú Plean Cúig Bliana. Maíodh ann freisin go gcáilíonn TPE mar roisín ardfheidhmíochta agus mar phoileitiléin a luaitear in Airteagal VIII den 14ú Plean Cúig Bliana. Ina theannta sin, dúradh sa ghearán gur fiontar faoi úinéireacht stáit is ea an táirgeoir is mó aigéid theireatalaigh íonaithe (PTA). Mar thoradh ar bheartais na Síne, tháinig méadú ar acmhainneacht táirgeachta TPE agus PTA idir 2020 agus 2022 agus tá ró-acmhainneacht shuntasach ann do TPE, PTA, agus i dtionscal ceimiceán na Síne ina iomláine.

(59) Ní dhearna Rialtas na Síne trácht ná ní sholáthair sé fianaise a thacaigh leis an bhfianaise atá ar an gcomhad cáis nó lenar diúltaíodh í, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach, ar shaobhadh suntasach a bheith ann agus/nó ar oiriúnacht chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás idir lámha. Mhaígh grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin amháin ina cheistneoir go ndearna cuideachtaí an ghrúpa ceannacháin iomadúla ábhar ó sholáthraithe eachtracha, agus mar sin go ndearnadh iad sin ag luachanna neamhshaofa. Ní thugtar i gceist leis an argóint sin, áfach, gur ann do shaobhadh suntasach a bhaineann, ní hamháin le hamhábhair, ach le próiseas táirgthe TPE ina iomláine. Ina theannta sin, cheannaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin lena mbaineann amhábhair ón margadh intíre freisin agus níor sholáthair sé aon mhionsonraí breise chun an bunús a bhí lena mhaíomh a léiriú.

(60) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a) phointe (b) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh inti freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi imscrúdú. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.2.1.2. Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne

(61) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar an mhargaidh shóisialaigh'. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinntear rialachas eacnamaíoch na Síne leis. Is é an príomhphrionsabal *'úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre'*. Is é an geilleagar faoi úinéireacht an Stáit *'fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta'* agus tá sainordú ag an stát maidir le *'comhdhlúthú agus fás an gheilleagair a áirithiú* ([5])'. Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfágann leagan amach foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha ón rialtas a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an duine príobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta. Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuirtear ar iontaoibh an Stáit leis seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir an dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit ([6]).

([5]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 6-7.
([6]) Tuarascáil– 2, lch. 10.

(62) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann. Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht. Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*' cuireadh an dara habairt nua isteach ina léitear: '[i]*s é gné shainithe an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*.' ([7]) Léirítear leis sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne, smacht atá ag fás de shíor. Gné dhílis de chóras na Síne is ea an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha a mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú laistigh díobh.

(63) Bíonn Stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag féachaint ar na coinníollacha eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([8]). Is iomaí uirlis eacnamaíoch idirghabhálach a mbaineann údaráis na Síne úsáid aisti, lena n-áirítear córas an phleanála tionscail, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

(64) Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Cumhdaíonn iomláine na bpleananna sin maitrís chuimsitheach agus chasta earnálacha agus beartais trasearnála agus tá siad i láthair ar gach leibhéal den rialtas. Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na bealaí a úsáidtear chun tacú leis na tionscail/hearnálacha ábhartha chomh maith leis na tréimhsí ama ina gcaitear na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí. Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh. Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an Stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an mhéid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílse dá réir sin, rud a spreagann, dá bhrí sin, na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh (féach freisin Roinn 3.2.1.5 thíos) ([9]).

(65) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus ag na bainc bheartais ar chóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith (féach freisin roinn 3.2.1.8 thíos) ([10]). Tá sé sin i bhfeidhm freisin maidir le comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais bunaithe ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil giaráilte i dtreo fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo smacht a áirithiú agus idirghabháil de chuid an Stáit agus Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([11]).

(66) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an Stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud dá réir sin a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níl cineál na spriocanna atá i gceist sainithe go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([12]). Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht suntasach ag Rialtas na Síne fós agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta Stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([13]).

([7]) Ar fáil ag: Bunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne (npc.gov.cn) (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).
([8]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 20-21.
([9]) Tuarascáil – Caibidil 3- 41-73, 74.
([10]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 120-121.
([11]) Tuarascáil – Caibidil 6. lgh. 122-135.
([12]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 167-168.
([13]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 169-170, 200-201.

(67) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha ón rialtas agus lena spreagtar iad. Tagann idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([14]).

3.2.1.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

(68) I nDaon-Phoblacht na Síne, tá fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht agus/nó faoi mhaoirseacht beartais nó faoi threoraíocht an Stáit ina gcuid fhíor-riachtanach den gheilleagar. In earnáil an táirge faoi imscrúdú, tá an leibhéal úinéireachta stáit fós suntasach, agus roinnt táirgeoirí TPE faoi úinéireacht an stáit go hiomlán nó go páirteach, mar shampla: Zhuhai China Resources Chemical Innovative MATERIALS Co., Ltd (100 % faoi úinéireacht China Resources Group, Fiontar faoi úinéireacht stáit láir ([15])) nó Sinopec, táirgeoir PTA (100 % faoi úinéireacht SASAC ar deireadh ([16])). Ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil ina ngnáthchleachtas anois i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([17]), agus Páirtí Cumannach na Síne ag glacadh chuige féin ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh go bunúsach ar thionchar an Stáit trí mheán struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid atá struchtúir an Stáit agus an Pháirtí tar éis fás le chéile i nDaon-Phoblacht na Síne.

(69) Is féidir leibhéal rialaithe agus maoirseachta beartais den chineál céanna a urramú ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha, amhail Cónaidhm Thionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán na Síne ('CPCIF') arb é comhlachas earnála an tionscail é. De réir Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF, '*glacann an eagraíocht le treoraíocht ghairmiúil, maoirseacht agus bainistíocht ó na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, ó na heintitis atá i gceannas ar ghníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí, agus chomh maith leis sin ó na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht an tionscail*' ([18]). Chomh maith leis sin, sonraíonn Comhlachas Bainistíochta Fiontraíochta Ceimiceán na Síne ('CCEMA') ag a bhfuil gné eagraíochta ina gcuimsítear '*níos mó ná 200 ball-aonad den chomhlachas ina bhfiontair chnámh droma sa tionscal ceimiceach*' ([19]) in Airteagal 2 dá Airteagail Chomhlachais go '*gcloíonn sé leis an mBunreacht, dlíthe, rialacháin agus beartais náisiúnta, go gcuireann sé croíluachanna an tsóisialachais i bhfeidhm, go gcuireann sé meon an tírghrá chun cinn, go gcloíonn sé leis an moráltacht shóisialta, agus go neartaíonn sé go comhfhiosach cothú ionracais agus féinsmacht*'. Thairis sin, de réir Airteagal 3 de na hAirteagail Chomhlachais, maidir le CCEMA, '*bunaíonn sé eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne, déanann sé gníomhaíochtaí de chuid an pháirtí, agus soláthraíonn sé na coinníollacha is gá do ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí*' agus – díreach mar atá i gcás CPCIF – '*glacann sé leis an treoraíocht ghnó, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht ó na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, ó na heintitis atá i gceannas ar neartú an pháirtí, chomh maith leis na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht an tionscail*' ([20]).

(70) Dá bharr sin, fiú táirgeoirí atá faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge faoi imscrúdú, cuirtear cosc orthu oibriú faoi dhálaí margaidh. Go deimhin, fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon, tá siad faoi réir maoirseacht agus treoraíocht bheartais mar a shonraítear i roinn 3.2.1.5 thíos.

([14]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 15-16, Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 50, lch. 84, Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 108-109.
([15]) Féach: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-4/2023-04-25/9052858.PDF (Arna rochtain an 12 Deireadh Fómhair 2023).
([16]) Féach: http://en.sasac.gov.cn/.
([17]) Féach, mar shampla, Airteagal 33 de bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne nó na Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua (féach thíos don tagairt iomlán).
([18]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).
([19]) Féach: Http://www.ccema.org.cn/wzsy (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).
([20]) Féach: http://www.ccema.org.cn/xhzc (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).

3.2.1.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostais

(71) Cé is moite de smacht a fheidhmiú ar an ngeilleagar trí fhiontair faoi úinéireacht stáit agus uirlisí eile, tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i gcuideachtaí. Cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, tá cealla Páirtí Cumannach na Síne i bhfiontair ([21]), idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach ina bhealach tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó tríd na cealla sin. De réir dhlí cuideachta na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Páirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le trí chomhalta de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Páirtí Cumannach na Síne ([22])) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí. San am atá thart, is cosúil nár comhlíonadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár cuireadh i bhfeidhm go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ar a laghad ann tá Páirtí Cumannach na Síne ag neartú a chuid maíomh go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil ([23]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an Pháirtí a chomhlíonadh ([24]). In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den Pháirtí in 70 % de thart ar 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([25]). Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear i measc tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú agus soláthróirí na n-ionchur a úsáidtear iontu.

(72) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal '*General Office of CCP Central Committee's Guidelines on stepping up the United Front work in the private sector for the new era*' [Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua] ('na Treoirlínte') ([26]), rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha. Tá an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]*í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin';* agus sonraítear i Roinn III.6: '[n]*í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar chumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe.*' Cuirtear béim sna Treoirlínte mar sin ar ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú in eagraíochtaí agus in eintitis na hearnála príobháidí ([27]).

(73) Deimhníodh san imscrúdú go bhfuil forluití idir seasaimh bhainistíochta agus comhaltas i bPáirtí Cumannach na Síne/feidhmeanna an Pháirtí coitianta san earnáil TPE. Is é rúnaí brainse Pháirtí Cumannach na Síne bainisteoir ginearálta Chongqing Wankai New Materials freisin. Tá leaschathaoirleach Jiangsu Sanfame Ltd ar an mbord stiúrthóirí agus an bainisteoir ginearálta ina chomhalta de Pháirtí Cumannach na Síne. Shínigh an chuideachta comhaontú freisin le coiste Pháirtí Cumannach na Síne i gcathair Zhouzhuang (Jiangsu). Tá Chongqing Wankai New Materials rannpháirteach freisin i gcomhchoiste de chuid Pháirtí Cumannach na Síne in éineacht le cuideachtaí eile feadh shlabhra an tionscail agus le húdaráis cheantair. Léirítear leis sin conas is féidir le húdaráis phoiblí slabhra iomlán an tionscail a mhúnlú trí eagraíochtaí de chuid Pháirtí Cumannach na Síne. ([28])

(74) Tá cur isteach Pháirtí Cumannach na Síne ar na cinntí gnó le feiceáil freisin ar leibhéal an ghrúpa, faoi mar a tharlaíonn leis an gcomhdú corparáideach atá ar fáil. Tugtar le fios i dtuarascáil bhliantúil 2022 ó Sinopec Group, táirgeoir PTA, '[g]*o bhfeabhsaíonn an chuideachtaí cáilíocht na hoibre neartaithe páirtí go leanúnach, go gcuireann sí le spiorad na bhfostaithe, go neartaíonn sí obair chigireachta agus mhaoirseachta smachta, go gcuidíonn sí leis an mbord stiúrthóirí cinntí agus socruithe éagsúla a chur chun feidhme go héifeachtach, agus go gcuireann sí forbairt ardcháilíochta na cuideachta chun cinn*' ([29]), agus déantar cur síos i suíomh gréasáin Sinopec ar ról an Pháirtí laistigh den Ghrúpa mar a leanas: '[c]*eannaireacht an Pháirtí sa phróiseas chun rialachas corparáideach a fheabhsú,* […] *eagraíocht an Pháirtí a chur chun cinn chun cinneadh a dhéanamh maidir le liosta na mórcheisteanna maidir le neartú an Pháirtí agus gnéithe eile, agus cead a thabhairt d'eagraíocht an Pháirtí taighde roimh ré a dhéanamh ar liosta na mhórcheisteanna gnó agus bainistíochta a*

([21]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 100-101.
([22]) Tuarascáil– 2, lch. 26.
([23]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *'The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster' [An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc];* Foreign Affairs, eag. 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([24]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 31-32.
([25]) Ar fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 12 Deireadh Fómhair 2023).
([26]) Ar fáil ag: Www.gov.cn/xinwen/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).
([27]) '*Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise*' [Dearbhaíonn Páirtí Cumannach na Síne níos mó smachta ar fhiontair phríobháideacha], le fáil ag: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 12 Deireadh Fómhair 2023).
([28]) Féach: http://www.fl.gov.cn/zwxx_206/ywdt/202307/t20230703_12113878.html (arna rochtain an 12 Deireadh Fómhair 2023).
([29]) Féach: http://www.sinopec.com/listco/Resource/Pdf/2023032507.pdf, lch. 26 (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).

chumhdaítear leis an mbainistíocht rialaithe inmheánaigh agus é a phlé ag an am céanna, atá le leabú i […]*, liosta na gcúrsaí cinnteoireachta, chun córas cinnteoireachta agus faisnéise ceanncheathrún a fhorbairt lena gcothófar bunú liosta inniúlachtaí cinnteoireachta, cuimsiú an liosta sin sa phróiseas cinnteoireachta agus faisnéisiú an phróisis sin. Glacadh leis an réamhthaighde agus an plé ar na mhórcheisteanna bainistíochta gnó mar ghné thábhachtach de chomhlíonadh iomlán dhualgais cheannaireachta ghrúpa an Pháirtí*[…]' ([30]).

(75) Tá éifeachtaí saofa breise ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais (féach freisin roinn 3.2.1.8 thíos) chomh maith le soláthar amhábhar agus ionchur ar an margadh ([31]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, san earnáil ceimiceán agus peitriceimiceán agus i dtionscail eile (amhail na tionscail airgeadais agus ionchuir), féadfaidh Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais.

3.2.1.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar fhórsaí an mhargaidh shaoir ar chaoi eile

(76) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas. Ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne dírítear acmhainní chuig earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ag an rialtas, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([32]).

(77) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge faoi imscrúdú. Ar an gcéad dul síos, cuimsítear TPE sna hardábhair pheitriceimiceacha agus sna hardábhair tionscail éadroim a chumhdaítear sa Treochlár 'Made in China 2025' ([33]). Ina theannta sin, liostaítear tionscal TPE i measc na dtionscal atá le spreagadh faoi chatagóirí an tionscail éadroim agus an tionscail teicstíle i gCatalóg Treorach 2019 maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail. Tugann sé sin le fios go bhfuil sé beartaithe ag na húdaráis timpeallacht rialála a chruthú a bheidh fabhrach d'fhorbairt na hearnála, agus a d'fhéadfadh an bealach a réiteach don tionscal chun rochtain a fháil ar airgeadas freisin. ([34]) Liostaítear i gCatalóg Treorach 2019 maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail freisin roinnt aonaid gnáth-táirgthe TPE ar leith (táirgeadh polaiméirithe leanúnach lena mbaineann toilleadh líne amháin níos lú ná 200 000 tona/bliain) mar dheighleog tionscail atá le srianadh, rud a chiallaíonn go bhfuil Rialtas na Síne ag féachaint lena fhorbairt a rialú go docht. ([35]) Ag an am céanna, liostaítear TPE (teicneolaíocht agus trealamh táirgthe thraidisiúnta polaiméirithe baisce poileistear) i measc na dtionscal a bhfuil deireadh le cur leo, rud a chiallaíonn go dtacóidh Rialtas na Síne lena dhíchóimeáil chun uasghrádú an tionscail a áirithiú agus lena léirítear tuilleadh rannpháirtíocht Rialtas na Síne san earnáil. Thairis sin ([36]), sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair, tugtar aghaidh go díreach ar an earnáil pheitriceimiceán trína shonrú '[i]*n earnálacha lena n-áirítear peitriceimiceáin agus ceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála, cothóimid roinnt fiontair cheannródaíocha sa slabhra tionscail a fheidhmíonn ceannaireacht ar an éiceachóras agus a bhfuil croí-iomaíochas mar shaintréith acu, (…). Déanfar ról treorach na bpríomhfhiontar in earnálacha na gceimiceán agus na n-ábhar tógála a threisiú chun athchóiriú agus athstruchtúrú corparáideach a chur chun cinn,*'.

([30]) Féach: http://www.sinopecgroup.com/group/gywm/ddjs.shtml http://jscc.sinopec.com/jscc/about_us/teammanagement/ (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).
([31]) Tuarascáil – Caibidlí 14.1 go 14.3.
([32]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83.
([33]) Féach, lch. 145 agus 147 den Treochlár 'Made in China 2025' atá le fáil ag: https://www.cae.cn/cae/html/files/2015-10/29/20151029105822561730637.pdf (arna rochtain an 12 Deireadh Fómhair 2023).
([34]) Féach, lch. 44 agus 47 de Chatalóg Treorach 2019 maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail atá le fáil ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf (arna rochtain an 12 Deireadh Fómhair 2023).
([35]) Ibid. lch. 115.
([36]) An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair, Ranna IV.2 agus VIII.1. Le fáil ag: Https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).

(78) Luaitear sa 14ú Plean Cúig Bliana freisin '[g]*o bhfoirmeoidh na hearnálacha peitriceimiceán agus ceimiceán, cruach agus príomhearnálacha eile tuairimí sonracha cur chun feidhme bunaithe ar chuspóirí agus ar chúraimí an Phlean seo agus na coinníollacha iarbhír sna hearnálacha réamhluaite*'. Ina theannta sin, leis an Tuairim Threorach maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail peitriceimiceán agus ceimiceán a chur chun cinn ([37]), déantar foráil maidir le feabhas a chur ar chumas soláthair na bpolaiméirí ardleibhéil agus na gceimiceán speisialtachta, agus maidir le dlús a chur le scor na hacmhainneachta táirgthe neamhéifeachtúla cúlánta.

(79) Ar an leibhéal cúigeach, i 14ú Plean Cúig Bliana Shandong maidir le forbairt an tionscail ceimiceán ([38]), iarrtar ar na húdaráis áitiúla '[l]*aghdú a dhéanamh ar aistriú teicneolaíoch na bhfiontar atá ann cheana, feabhas a chur ar éifeachtúlacht úsáide fuinnimh agus acmhainní, agus croí-iomaíochas na bhfiontar a fheabhsú. Sásra a chur ar bun d'fhiontair chun tarraingt siar ó pháirceanna, deireadh a chur go diongbháilte le hacmhainneacht táirgeachta atá imithe as feidhm, acmhainneacht táirgeachta shrianta a rialú go docht, agus beartais agus bearta difreáilte a chur chun feidhme maidir le leithdháileadh tosca acmhainní amhail talamh, leictreachas agus uisce chun iallach a chur ar fhiontair aistriú agus forbairt a dhéanamh*'. Iarrann sé freisin go ndéanfaí '[m]*éadú ar an tacaíocht airgeadais. Dreasachtaí beartais fhioscaigh a neartú, cistí speisialta a bheith i gceist agus iad a chomhordú, tacú le cuideachtaí ceimiceán chun dlús a chur leis an aistriú teicneolaíochta, aistriú cliste, aistriú tionsclaíoch, athlonnú i bpáirceanna, deireadh a chur le trealamh atá imithe i léig, etc., agus díolúintí cánach a chur chun feidhme is infheidhme maidir le hallmhairí mórthrealamh teicniúil, aisíocaíochtaí CBL, beartais taighde agus forbartha amhail asbhaint bhreise speansas agus cúiteamh árachais don chéad tacar de threalamh teicniúil. Institiúidí airgeadais éagsúla agus caipiteal sóisialta a threorú go gníomhach chun infheistíocht a dhéanamh sa tionscal ceimiceán, na buntáistí a bhaineann le hairgeadas beartais, airgeadas forbartha agus airgeadas tráchtála a threisiú, agus cur leis an tacaíocht airgeadais do phríomhréimsí na teicneolaíochta ceimicí*'.

(80) Mar an gcéanna, leis an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Jiangsu maidir le forbairt ardleibhéil an tionscail ceimiceán ([39]), cuirtear dianphróiseáil na n-amhábhar bunúsach chun cinn, lena n-áirítear forbairt iartheachtach aigéid theireatalaigh íonaithe.

(81) Sampla eile de bheartais phoiblí a imríonn tionchar ar fhórsaí an mhargaidh shaoir is ea tuairim an Choimisiúin um Fhorbairt agus Athchóiriú Chúige Fujian maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail peitriceimiceán agus an tionscail ceimiceán a chur chun cinn agus dlús a chur le cruthú tionscail colúin trilliún dollar lena bhforáiltear ([40]) '[f]*aoi 2025, go mbainfidh fiontair pheitriceimiceán agus cheimiceán ainmnithe an chúige ioncam oibriúcháin os cionn RMB 1 trilliún amach, go gcuirfidh siad dlús le cruthú sé bhraisle thionsclaíocha shaintréithiúla, agus go ndéanfaidh siad a ndícheall 4 pháirc tionscail ceimiceán (limistéir chomhchruinnithe) ag a mbeidh ioncam oibriúcháin ar mó é ná RMB 100 billiún, agus 8 bpáirc tionscail ceimiceán (limistéir chomhchruinnithe) ag a mbeidh ioncam oibriúcháin os cionn RMB 10 mbilliún*' agus '[f]*aoi 2025, go dtiocfaidh méadú níos mó ná 70 % ar ráta ranníocaíochta luach aschuir na bpáirceanna tionscail ceimiceán (limistéir comhchruinnithe). Leanfaidh an slabhra tionscail peitriceimiceán ag leathnú agus ag feabhsú i gcónaí, ag forbairt i dtreo ábhar ceimiceach nua, táirgí peitriceimiceacha ardleibhéil, agus ceimiceán mín, agus tiocfaidh méadú eile ar chion na dtáirgí ard-bhreisluacha*'. Foráiltear leis freisin go ndéanfaí na húdaráis '[g]*rúpa grúpa de phríomhfhiontair lena mbaineann croí-iomaíochas a chothú go tréan. Príomhchuideachtaí peitriceimiceán agus ceimiceán a spreagadh chun tuilleadh comhchruinnithe a dhéanamh, éifeachtúlacht leithdháilte acmhainní a fheabhsú trí chumaisc agus atheagrú, agus an slabhra tionsclaíoch a leathnú a thuilleadh. Tacú le fiontair incháilithe iarratas a dhéanamh lena gcuimsiú sna bpríomhfhiontair chúltaca liostaithe chúige agus díriú orthu air sin agus luach saothair céimnithe liostaithe a sholáthar i gcomhréir leis an mbeartas dreasachta airgeadais cúige do na príomhfhiontair chúltaca liostaithe cúige; má sháraíonn ioncam oibriúcháin bliantúil an fhiontair RMB 10 mbilliún den chéad uair, deonóidh an riarachán airgeadais cúige luach saothair aonuaire RMB 3 mhilliún. Tacú le fiontair incháilithe ionstraimí maoiniúcháin bannaí éagsúla a eisiúint amhail nótaí meántéarmacha, bannaí maoiniúcháin gearrthéarmacha, bannaí fiontair agus bannaí corparáide. Tacú le príomhfhiontair incháilithe ardchaighdeáin a liostú, a mhaoiniú agus a athmhaoiniú*'.

(82) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú earnáil an táirge atá faoi imscrúdú a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(83) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir leis an tionscal ceimiceán agus leis an tionscal TPE a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

([37]) An Tuairim Threorach maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail peitriceimiceán agus ceimiceán 2022/34 a chur chun cinn, le fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/yj/art/2022/art_4ef438217a4548cb98c2d7f4f091d72e.html (arna rochtain an 22 Deireadh Fómhair 2023).

([38]) Féach: http://gxt.shandong.gov.cn/module/download/downfile.jsp?classid=0&filename=17e54531cb74483596b5cca1a40ec8d8.pdf. (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).

([39]) Féach: http://gxt.jiangsu.gov.cn/art/2021/9/3/art_6197_10099378.html (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).

([40]) Féach: http://www.qg.gov.cn/zwgk/zcfg/sjfgwj/202208/t20220829_2769471.htm (arna rochtain an 12 Deireadh Fómhair 2023).

3.2.1.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(84) De réir na faisnéise atá ar taifead, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach go sásúil amhail éilimh agus fiachais a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraítear go bhfuil sé sin fréamhaithe ar dhlí féimheachta na Síne atá bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na cinn a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha seachas an tSín, áit ina bhfuil tearc-fhorfheidhmiú á dhéanamh ar chóras na Síne. Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, toisc, thar aon ní eile, go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([41]).

(85) Ina theannta sin, is léir go háirithe easnaimh an chórais maidir le cearta maoine i ndáil le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín. ([42]) Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá a leithdháileadh fós ag brath ar an Stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann arb é is aidhm dóibh cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([43]). Thairis sin, is minic a thugann na húdaráis faoi spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus talamh á leithdháileadh acu ([44]).

(86) Ach oiread le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha, agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil an tionscail ceimiceán. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú seo lena gcaithfí amhras ar na torthaí sin.

(87) I bhfianaise an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó go rabhthas á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge faoi imscrúdú.

3.2.1.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(88) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh Daon-Phoblacht na Síne líon de choinbhinsiúin riachtanacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na cinn a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([45]). Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht cheardchumainn amháin gníomhach. Níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit, áfach, agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([46]). Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith. Mar gheall air sin de ghnáth, fágtar na hoibrithe sin

([41]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 138-149.
([42]) Tuarascálacha – 9, lch. 216.
([43]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 213-215.
([44]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 209-211.
([45]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 332-337.
([46]) Tuarascáil– 13, lch. 336.

nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad ioncam níos ísle ná na sealbhóirí an chláraithe cónaitheachta. ([47]) Fágann na torthaí sin go ndéantar costais pá a shaobhadh sa tSín.

(89) Níor cuireadh aon fhianaise isteach lena dtabharfaí le fios nach bhfuil an tionscal ceimiceán agus TPE faoi réir chóras dlí saothair na Síne a thugtar tuairisc air. Leis an saobhadh ar chostais pá téitear i gcion go díreach dá réir sin ar an earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.1.8. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(90) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir saobhadh éagsúil. Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([48]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an gcaoi chéanna le fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht an Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an Stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit) ([49]) agus, arís ach an oiread le fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht an Stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne chun feidhme go tráthrialta. Agus é sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([50]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar a spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([51]).

(91) Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtóra, tugtar le fios i bhformhór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála ([52]), nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir leis na hionstraimí dlí éagsúla a chur i bhfeidhm.

(92) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne maoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus go mbeidh siad i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is ceann de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta é ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnálacha na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([53]). Thairis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi a *'bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe an chaoi a bhfreastalaíonn na heintitis ar 'thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn'*. ([54])

([47]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 337-341.
([48]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 114-117.
([49]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 119.
([50]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 120.
([51]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.
([52]) Féach: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/328 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne i ndiaidh athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, aithrisí 71-75, (IO L 65, 25.2.2021, lch.1) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, aithrisí 151-188, (IO L 458,22.12.2021, lch. 344).
([53]) Féach an doiciméad oifigiúil beartais ó Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('CBIRC') an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)*, le fáil ag: http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 22 Márta 2023). Tugtar treoir sa Phlean *'an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme a thuilleadh maidir le hathchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn'*. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: *'déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta […] Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad.'*
([54]) Féach *Fógra CBIRC maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc Tráchtála413, arna eisiúint an 15 Nollaig 2020*. http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 22 Márta 2023).

(93) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas. Tugtar le fios go láidir i meastacháin go gcomhfhreagraíonn rátálacha creidmheasa na Síne go córasach do rátálacha idirnáisiúnta níos ísle ([55]).

(94) Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar a spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([56]). Dá bharr sin, bíonn claonadh ann i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh.

(95) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin tá úsáid iomarcach á baint as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle ar an infheistíocht. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an Stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(96) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais fós mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir, ach bíonn tionchar ag saobhadh a spreagann an rialtas orthu. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ag deireadh 2018 ([57]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla i nDaon-Phoblacht na Síne le déanaí gur éiligh Páirtí Cumannach na Síne '*go dtreorófaí ráta úis mhargadh na n-iasachtaí síos*'. ([58]) Dá thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(97) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas i nDaon-Phoblacht na Síne go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá bhrí sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(98) Go bunúsach, d'ainneoin na bearta a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín.

(99) Níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi imscrúdú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, de thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

([55]) Féach Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta 'Resolving China's Corporate Debt Problem', le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, Deireadh Fómhair 2016, WP/16/203.

([56]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.

([57]) Féach ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíochta ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).

([58]) Féach: http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (arna rochtain an 12 Meán Fómhair 2023).

3.2.1.9. An cineál sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a thuairiscítear

(100) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léirítear leis an bhfianaise atá ar fáil maidir le fíricí agus gnéithe chóras na Síne mar a thuairiscítear thuas i ranna 3.2.1.2 go 3.2.1.8 agus freisin i gCuid I den Tuarascáil, go bhfuil feidhm acu ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is fíor é sin freisin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas i Ranna 3.1 agus 3.2 thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.

(101) Meabhraíonn an Coimisiún gur gá ionchuir áirithe chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí TPE na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(102) Dá bhrí sin, ní hamháin nach iomchuí na praghsanna díola intíre den táirge faoi imscrúdú lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar ar fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de. Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.2.1.10. Conclúid

(103) Leis an anailís a leagtar amach i ranna 3.2.1.1. to 3.2.1.9., lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile dá bhfuil ar fáil a bhaineann le hidirghabháil na Síne ina geilleagar i gcoitinne agus san earnáil chomh maith den táirge faoi imscrúdú, léiríodh nach bhfuil praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an lucht saothair, mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir toisc go ndéantar difear dóibh le hidirghabháil shubstainteach an rialtais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán mar a léirítear leis an tionchar iarbhír atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha dá liostaítear ann nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige nó acu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(104) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a shuí go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola sa Mhalaeisia, ar tír ionadaíoch iomchuí í, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a tuairiscíodh sa roinn seo a leanas.

3.2.2. *An tír ionadaíoch*

3.2.2.1. Barúlacha ginearálta

(105) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis an ollioncam náisiúnta atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([59]);

— Táirgeadh an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

([59]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(106) Mar a mhínítear in aithrisí (44) go (48), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Mhalaeisia a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.2.2.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne

(107) Sa tréimhse imscrúdúcháin rinne an Banc Domhanda tíortha ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá iontu agus atá i nDaon-Phoblacht na Síne a aicmiú mar thíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta. Sa Chéad Nóta, fuarthas nach raibh cion mór den táirge faoi imscrúdú ach i seacht gcinn de na tíortha sin, mar atá an Airgintín, an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an Téalainn, an Tuirc, agus an Afraic Theas.

(108) Mhol Svepol, CPCIF agus Wankai Group go measfaí Vítneam mar an tír ionadaíoch is oiriúnaí d'ainneoin nár aicmíodh an tír sin mar thír ard-mheánioncaim ach d'áitigh siad go bhfuil Vítneam gar don tairseach níos ísle chun cáiliú mar thír ard-mheánioncaim mar gheall ar an bhfás le déanaí ar OIN per capita.

(109) Ceanglaítear leis an mbun-Rialachán go mbeidh leibhéal comhchosúil forbartha ag an tír ionadaíoch leis an tír is onnmhaireoir. Agus an fhoráil sin á cur i bhfeidhm, chinn an Coimisiún gurbh é bunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda an fhoinse is iomchuí chun an ceanglas sin a chomhlíonadh. Ba leis an mbunachar sonraí sin a bhí an Coimisiún ábalta líon leordhóthanach tíortha ionadaíocha ionchasacha iomchuí a bheith aige chun an fhoinse costas agus praghsanna neamhshaofa is oiriúnaí a roghnú agus a aimsiú i ngach cás. Thairis sin, is rangú é atá bunaithe ar chritéar oibiachtúil agus a úsáidtear go comhsheasmhach i ngach cás frithdhumpála i gcás ina mbunaítear cinneadh an ghnáthluacha ar fhorálacha Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ní fhaca an Coimisiún forais sa chás sin chun imeacht óna chleachtas chun tíortha laistigh de shainmhíniú an Bhainc Dhomhanda ar gheilleagar ard-mheánioncaim amháin a bhreithniú. Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún gur tír ionadaíoch iomchuí í Vítneam.

3.2.2.3. Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

(110) Maidir leis na tíortha faoi bhreathnú a luaitear thuas, rinne an Coimisiún infhaighteacht na sonraí poiblí a fhíorú a thuilleadh, lena n-áirítear sonraí ar allmhairí tosca táirgeachta chomh maith le sonraí airgeadais ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú sna tíortha ionadaíocha ionchasacha.

(111) Léiríodh san anailís ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta nach raibh ach sonraí ón Malaeisia maidir le méideanna ionadaíocha neamhshaofa na bpríomh-ionchur le haghaidh táirgeadh TPE (is iad sin aigéad teireatalach íonaithe nó 'TPE') chomh maith le sonraí cuideachtaí ionadaíocha don tréimhse imscrúdúcháin ar fáil murab ionann is an Airgintín, an Bhrasaíl, Meicsiceo, an Téalainn, an Tuirc, agus an Afraic Theas.

(112) Léiríodh san anailís freisin nach raibh tionchar ábhartha ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne nó ó aon cheann de na tíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar allmhairí na Malaeisia ([60]). Ina theannta sin, tá cumas táirgeachta agus táirgeacht TPE suntasach sa Mhalaeisia agus níl aon saobhadh trádála ar leith ar na tosca táirgeachta ná ar TPE sa tír sin.

(113) Maidir leis na táirgeoirí i dtíortha ionadaíocha agus infhaighteacht a sonraí, d'aithin an Coimisiún táirgeoir TPE, MPI, a raibh torthaí airgeadais ar fáil ina leith don bhliain airgeadais ó R3 2021 go R2 2022, ag cumhdach dhá ráithe leis an tréimhse imscrúdúcháin.

([60]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe, (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

(114) Tugtar faoi deara nach hé TPE amháin a tháirgeann an MPI, ach is é táirgeadh TPE a phríomhghnó. Dá bhrí sin, measadh go raibh costais SGA agus brabús comhdhlúite agus an brabús a sainaithníodh do MPI ionadaíoch le cur i bhfeidhm chun críocha an imscrúdaithe seo.

(115) Chuir allmhaireoir neamhghaolmhar amháin (Svepol JSC), comhlachas táirgeoirí Síneach (CPCIF) agus dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte (Wankai Group agus Sanfame Group) barúlacha faoi bhráid an Choimisiúin.

(116) D'aontaigh Svepol JSC leis an Malaeisia a roghnú mar an tír ionadaíoch ach d'iarr sé ar an gCoimisiún méid réasúnta brabúis agus costas SGA a chinneadh ar bhonn Recron Malaysia SDN ('Recron'). D'áitigh Svepol JSC agus Sanfame Group go bhfuil scála eacnamaíoch Recron níos gaire don scála a réadaíonn táirgeoirí TPE i nDaon-Phoblacht na Síne ná mar a réadaíonn MPI níos lú mar tháirgeoir TPE níos lú nach ndéanann a oiread gníomhaíochtaí onnmhairiúcháin. Chomh maith leis sin, bhí sonraí Recron níos ionadaíche toisc gur cumhdaíodh an tréimhse imscrúdúcháin iomlán leis, agus ní chumhdaítear le sonraí MPI ach an chéad leath den tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin. D'áitigh Sanfame Group go dtosaíonn Recron, cosúil le Sanfame Group, a tháirgeadh ó pharaixiléin ('PX'). Chuir CPCIF agus Wankai Group in iúl go raibh an Mhalaeisia ina tír ionadaíoch iomchuí freisin ó thaobh infhaighteacht sonraí cuideachta ábhartha amhail sonraí MPI.

(117) Thug an Coimisiún dá aire nach ndearna aon pháirtí argóint i gcoinne an Mhalaeisia a úsáid mar thír ionadaíoch. Maidir le sonraí cuideachta na Malaeisia atá le húsáid, rinne an Coimisiún anailís ar shonraí Recron agus MPI. Mar sin féin, léiríodh leis na sonraí sin nach raibh i gcostais SGA Recron ach 1,4 % nach féidir a mheas gur méid réasúnta é faoi Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Mar a d'admhaigh Sanfame Group ina aighneacht, le faisnéis Recron atá ar fáil go poiblí ní féidir ábharthachtTPE a chinneadh go beacht i gcomparáid le láimhdeachas iomlán na cuideachta. Mar a léirítear thuas in Aithris (114), lorgaíonn an Coimisiún an athróg is gaire atá ar fáil go héasca, lena n-áirítear faisnéis chomhdhlúite faoin táirgeoir/na táirgeoirí atá gníomhach i measc dreamanna eile sa ghnó lena gcumhdaítear an táirge faoi imscrúdú. Cé gur cuideachta ar mhórscála é Recron go deimhin, léiríonn sé ar a shuíomh gréasáin go bhfuil sé i measc nagcuideachtaí poileistiragus teicstílí comhtháite is mó ar domhan a dhíríonn ar tháirgí díorthaigh poileistir casta. I gcodarsnacht leis sin, díríonn MPI ar mhonarú roisín TPE go príomha. Chinn an Coimisiún mar sin gurb é MPI an athróg is gaire atá ar fáil go héasca agus chinn sé gan sonraí Recron a úsáid. Dá bhrí sin, dhearbhaigh an Coimisiún a chinneadh sonraí MPI a úsáid.

3.2.2.4. Conclúid

(118) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Mhalaeisia an critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.3. Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí

(119) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(120) Ina dhiaidh sin, sa Dara Nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ([61]) ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, dúirt an Coimisiún go mbainfeadh sé úsáid as Roinn Staidrimh Aireacht Geilleagair Rialtas na Malaeisia chun costais neamhshaofa saothair ([62]) a shuí agus sonraí ón soláthraí leictreachais Tenaga Nasional Berhad agus ó Choimisiún Fuinnimh na Malaeisia chun costais neamhshaofa fuinnimh a shuí ([63]).

(121) Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin gur mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus ualach diomaibhseach cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na míreanna diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'ábhair inchaite'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na n-ábhar inchaite ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa seanbhunaithe á n-úsáid aige sa tír ionadaíoch iomchuí.

([61]) Global Trade Atlas, http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm
([62]) https://www.dosm.gov.my/portal-main/home
([63]) https://www.st.gov.my/en/

3.2.4. *Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa*

3.2.4.1. Tosca táirgeachta

(122) I bhfianaise na faisnéise go léir a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 2

Tosca táirgeachta TPE

Toisc Tháirgeachta	Cód Tráchtearraí na Malaeisia	Foinse na sonraí	Luach (CNY)	Aonad tomhais*
Amhábhair				
Aigéad teireatalach íonaithe (PTA)	2917_36_00	Global Trade Atlas (GTA) ([64])	5,81	Cileagram
Gliocól mona-eitiléine (MEG)	2905_31_00	GTA	5,74	Cileagram
Aigéad iseatalach (SDP)	2917_39_20	GTA	10,28	Cileagram
Paraixiléin (PX)	2902_43_00	GTA	7,50	Cileagram
Saothar				
Saothar	[N/B]	Roinn Staidrimh Aireacht Geilleagair Rialtas na Malaeisia ([65])	39,64	Uair Saothair
Fuinneamh				
Leictreachas	[N/B]	Tenaga Nasional Berhad (TNB) ([66])	[0,50-0,60]	kWh
Gás Nádúrtha	[N/B]	Suruhanjaya Tenaga ([67])	1,64	m^3

3.2.4.2. Amhábhair

(123) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar, mar a sheachadtar iad ag geata táirgeora tíre ionadaíche, a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear sa GTA ar leibhéal na gcód 8 ndigit ar cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair leis mar bhonn. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas Daon-Phoblacht na Síne agus tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([68]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithrisí (103) agus (104) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na

([64]) Global Trade Atlas, http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm
([65]) Roinn Staidrimh Aireacht Geilleagair Rialtas na Malaeisia, https://www.dosm.gov.my/portal-main/landingv2
([66]) Tenaga Nasional Berhad, Praghsáil agus taraifí d'úsáideoirí tionsclaíocha, https://www.tnb.com.my/commercial-industrial/pricing-tariffs1
([67]) Suruhanjaya Tenaga, https://www.st.gov.my/en/
([68]) Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

Síne a úsáid sa chás seo toisc gur ann do shaobhadh suntasach i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear ar bhonn comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Measadh go raibh na méideanna a bhí fágtha ionadaíoch.

(124) Shloinn an Coimisiún an costas iompair arna thabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun amhábhair den sórt sin a sholáthar mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair tuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

(125) I gcás líon beag tosca táirgeachta, mar gheall ar a sciar neamhshuntasach de na costais iomlána amhábhar sa tréimhse imscrúdúcháin, dhéileáil an Coimisiún leis na tosca táirgeachta sin mar ábhair inchaite. Ríomh an Coimisiún céatadán na n-ábhar inchaite lena n-áirítear méid diomaibhseach amhábhar thar chostais na monaraíochta maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte. Bhí an céatadán sin idir thart ar 1 % agus thart ar 7 % ag brath ar an táirgeoir onnmhairiúcháin. Chuir an Coimisiún an céatadán sin i bhfeidhm ar ríomh ghnáthluach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte dá réir sin.

3.2.4.3. Saothar

(126) Tá an fhoinse a d'úsáid an Coimisiún chun an tagarmharc chun na costais saothair a shuí bunaithe ar an staidreamh is déanaí a d'fhoilsigh Roinn Staidrimh Aireacht Geilleagair Rialtas na Malaeisia ([69]). Úsáideadh an fhoinse sin chun an pá a fuair fostaithe a chinneadh ([70]), lena n-áirítear na sochair shóisialta agus na ranníocaíochtaí slándála sóisialta ar thaobh an fhostaí san earnáil peitriliam, rubair cheimiceach agus plaisteach sa Mhalaeisia don tréimhse imscrúdúcháin. Roinneadh é de réir na meánuaireanta in aghaidh na seachtaine in aghaidh an duine fostaithe in 2022 ([71]), agus roinneadh ansin é in aghaidh na 52 ([72]) sheachtain oibre sa Mhalaeisia chun meánphá a fhaigheann fostaithe in aghaidh na huaire a ríomh. Cuireadh cuid an fhostóra le haghaidh na ranníocaíochtaí sóisialta ([73]) is infheidhme leis chun an costas saothair in aghaidh na huaire a ríomh.

3.2.4.4. Leictreachas

(127) Shuigh an Coimisiún praghas an tagarmhairc le haghaidh leictreachais ag baint úsáid as an luachan do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Mhalaeisia a d'fhoilsigh an chuideachta leictreachais Tenaga Nasional Berhad ([74]). Suíodh an tagarmharc leictreachais bunaithe ar phraghas an leictreachais a foilsíodh do mhí bhilleála mhí Eanáir 2014 agus rinneadh é a choigeartú de réir na tréimhse imscrúdúcháin leis an ráta boilscithe fuinnimh is infheidhme don Mhalaeisia, a d'fhoilsigh an Banc Domhanda ([75]). Chun an costas leictreachais in aghaidh an kWh a shuí:

— baineadh úsáid as an ráta taraife E1 is infheidhme maidir le taraif thionsclaíoch ghinearálta meánvoltais, i gcás táirgeoirí a thuairiscigh go raibh an n-ídiú leictreachais 'ginearálta',

— baineadh úsáid as an ráta taraife E2 is infheidhme maidir le taraif thionsclaíoch meánvoltais buaictharaife/taraife seachbhuaice, i gcás táirgeoirí a thuairiscigh ídiú leictreachais buaictharaife/taraife seachbhuaice.

Suíodh an tagarmhairc le haghaidh gach cuideachta bunaithe ar bhuaic-ídiú agus ídiú seachbhuaice na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte nuair a bhí sé ar fáil. Leithdháileadh an céatadán a bhí mar thoradh air ar na buaic-rátaí agus ar na rátaí seachbhuaice. Mura ndearna táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte idirdhealú idir buaic-ídiú agus ídiú seachbhuaice, cuireadh taraifí ginearálta i bhfeidhm maidir lena n-ídiú iomlán.

([69]) https://www.dosm.gov.my/portal-main/home
([70]) https://www.dosm.gov.my/portal-main/release-content/3ea8a244-81c4-11ed-96a6-1866daa77ef9
([71]) Staidreamh maidir le ham oibre - ILOSTAT
([72]) https://www.mida.gov.my/setting-up-content/statutory-contributions/
([73]) https://www.mida.gov.my/setting-up-content/statutory-contributions/ ; https://www.perkeso.gov.my/en/our-services/employer-employee/contributions.html; https://www.mida.gov.my/setting-up-content/human-resources-development-fund/; https://ins-globalconsulting.com/news-post/severance-pay-malaysia/
([74]) https://www.tnb.com.my/commercial-industrial/pricing-tariffs1
([75]) https://www.worldbank.org/en/research/brief/inflation-database

3.2.4.5. Gás nádúrtha

(128) Shuigh an Coimisiún an tagarmharc don ghás trí úsáid a bhaint as praghsanna gáis do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíochta) sa Mhalaeisia a d'fhoilsigh Coimisiún Fuinnimh na Malaeisia (Suruhanjaya Tenaga) ([76]).

(129) Rinneadh na meáin mhíosúla don bhliain 2021 a bhí ar fáil ón bhfoinse ([77]) a choigeartú de réir an ráta boilscithe bhliantúil um CPI fuinnimh ([78]) don Mhalaeisia don tréimhse imscrúdúcháin.

3.2.4.6. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabús agus dímheas

(130) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Ina theannta sin, ríomhadh fachtóir céatadáin na n-ábhar inchaite lena n-áirítear roinnt amhábhar, nach bhfuil iontu ach sciar neamhshuntasach de na costais iomlána amhábhar, thar chostais na monaraíochta do gach táirgeoir.

(131) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú go hiarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme maidir le costais neamhshaofa na monaraíochta.

(132) Chun méid réasúnta neamhshaofa a shuí maidir le forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabús agus dímheas, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais don bhliain airgeadais R3 2021 go R2 2022 le haghaidh MPI arna mbaint as Orbis ([79]).

3.2.4.7. Ríomh

(133) Ar bhonn an mhéid thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(134) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír tosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. D'fhíoraigh an Coimisiún na rátaí tomhaltais sin a sholáthair an t-iarratasóir le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a chonacthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.2.4.1.

(135) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, an costais SGA, an brabús agus an dímheas i bhfeidhm mar a tugadh ar aird in aithrisí (130) go (132). Cinneadh iad ar bhonn ráitis airgeadais MPI mar a mhínítear in aithris (132).

(136) Níor sainaithníodh forchostais mhonaraíochta ar leithligh sna figiúirí i gcuntas Brabúis agus Caillteanais MPI a bhí ar fáil, agus mar sin meastar go gcuimsítear iad i gcostais na n-earraí a díoladh.

(137) Maidir leis na costais táirgeachta a suíodh mar a thuairiscítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún SGA agus brabús MPI i bhfeidhm. Ba é 2,51 % méid na gcostas SG&A arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa táirgthe. Ba é 14,84 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa táirgthe.

(138) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún an gnáthluach ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(139) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte isteach san Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha.

([76]) https://www.st.gov.my/en/

([77]) https://www.st.gov.my/en/web/consumer/details/2/10 agus https://www.st.gov.my/contents/2021/Fuel%20Prices/11%20Nov/1-%20Regulated%20piped%20gas%20prices%20as%20of%20November%202021.pdf

([78]) https://www.worldbank.org/en/research/brief/inflation-database

([79]) Orbis | Faisnéis cuideachta ar fud na cruinne | BvD (bvdinfo.com)

(140) Rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile an táirge lena mbaineann a onnmhairiú go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, mar sin ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh go hiarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.4. **Comparáid**

(141) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(142) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir na ndifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe ar iompar, árachas, láimhseáil agus lódáil, lascainí, coimisiún, costais chreidmheasa agus muirir bhainc chomh maith leis na difríochtaí i mbealaí díolacháin.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(143) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(144) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha
Sanfame Group: — Jiangsu Hailun Petrochemical Co., Ltd — Jiangsu Xingye Plastics Co., Ltd. — Jiangyin Xingu New Material Co., Ltd. — Jiangyin Xingtai New Material Co., Ltd.	16,0 %
China Resources Chemical Innovative Materials Group: — China Resources Chemical Innovative Materials CO., LTD — Zhuhai China Resources Chemical Innovative Materials Co., Ltd.	17,2 %
Wankai New Materials Group: — Wankai New Materials Co., Ltd. — Chongqing Wankai New Materials Technology Co. Ltd.	22,6 %

(145) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(146) Ar an mbonn sin, is é 19,7 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(147) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i nDaon-Phoblacht na Síne, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(148) Tá leibhéal an chomhair sa chás seo íseal toisc gurb ionann allmhairí na dtáirgeoirí onnmhairithe a bhí ag obair i gcomhar le chéile agus tuairim is 76 % d'iomlán na n-onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe, de réir staidreamh Eurostat. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gurb iomchuí an corrlach dumpála iarmhair a shuí ar leibhéal an chorrlaigh b'airde a fuarthas i measc eintitis na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(149) Is iad seo a leanas na corrlaigh dumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas teorann an Aontais CIF, dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Sanfame Group: — Jiangsu Hailun Petrochemical Co., Ltd — Jiangsu Xingye Plastics Co., Ltd. — Jiangyin Xingu New Material Co., Ltd. — Jiangyin Xingtai New Material Co., Ltd.	16,0 %
China Resources Chemical Innovative Materials Group: — China Resources Chemical Innovative Materials CO., LTD — Zhuhai China Resources Chemical Innovative Materials Co., Ltd.	17,2 %
Wankai Group — Wankai New Materials Co., Ltd. — Chongqing Wankai New Materials Technology Co. Ltd.	22,6 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	19,7 %
Gach cuideachta eile	24,2 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeadh an Aontais**

(150) Rinne thart ar 60 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is 'tionscal an Aontais' iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(151) Táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, suíodh gur timpeall is 3 250 míle tona a bhí inti. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais ón ngearánach, ón gcomhlachas táirgeoirí Plastic Recyclers Europe ('PRE') agus ó na saineolaithe tionscail Wood Mackenzie (Woodmac). Mar a léirítear in aithris (19), is ón dhá tháirgeoir san Aontas a tháinig 35 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(152) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn:

— díolacháin fhíoraithe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais,

— díolacháin táirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte TPE de chuid an Aontais, a fuarthas ón ngearánach,

— díolacháin táirgeoirí neamhshampláilte TPE athchúrsáilte de chuid an Aontais, a fuarthas ón ngearánach, eachtarshuite ar bhonn chion an táirgthe TPE athchúrsáilte (a fuarthas ar bhonn sonraí Woodmac maidir le tomhaltas calóg le haghaidh (i) táirgeadh buidéal TPE (grád bia/neamhbhia) agus (ii) táirgeadh TPE mar thoradh ar athchúrsáil cheimiceach ar tháirgeadh iomlán TPE ógh agus TPE athchúrsáilte an Aontais),

— na hallmhairí ón tír lena mbaineann agus ó gach tríú tír eile, mar atá taifeadta i mbunachar sonraí Comext Eurostat.

(153) Chinn an Coimisiún freisin go raibh thart ar 2 % de tháirgeacht iomlán na dtáirgeoirí ón Aontas (nach léirítear i dtomhaltas an Aontais agus i dtáscairí eacnamaíocha eile a leagtar amach sa Rialachán seo) dírithe ar úsáid faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(154) Seo mar a leanas a d'fhorbair tomhaltas an Aontais:

Tábla 3

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	3 765 652	3 815 572	3 629 938	3 893 890
Innéacs	100	101	96	103

Foinse: freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, gearán, faisnéis arna soláthar ag an ngearánach, Woodmac agus Eurostat.

(155) Ar an mbonn sin, tháinig méadú beag ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus a sciar den mhargadh*

(156) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhaineann leis na hallmhairí ón tSín trí mhéideanna allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas mhargadh an Aontais (féach Tábla 3 thuas).

(157) Is mar seo a leanas a d'fhorbair na hallmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Méid (tonaí) na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (tonaí)	192 941	88 041	102 865	305 055
Innéacs	100	46	53	158
Sciar den mhargadh	5,1 %	2,3 %	2,8 %	7,8 %
Innéacs	100	45	55	153

Foinse: Eurostat, freagraí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(158) Léirítear sa tábla thuas gur tháinig méadú 112 115 tona ar na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ag an am céanna, tháinig méadú 2,7 pointe céatadáin (nó 53 %) ar an sciar iomlán den mhargadh maidir le hallmhairí ón tSín isteach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2020, chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar allmhairí na Síne ach tháinig téarnamh orthu in 2021 agus tháinig méadú faoi thrí nach mór orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. TPE ógh a bhí i bhformhór na n-allmhairí sin, ach thug ceithre cinn de na hocht dtáirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríocha le fios ina bhfreagra samplála go raibh sé d'acmhainn acu TPE athchúrsáilte a tháirgeadh. Thug roinnt de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha le fios gur onnmhairigh siad TPE athchúrsáilte chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach níos lú ná 1 % d'onnmhairí an Aontais ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a bhí iontu sin.

(159) Rinne táirgeoir amháin de chuid an Aontais TPE a athdhíol ar mhargadh an Aontais a d'allmhairigh sé ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú ('allmhairí UI'). Léirítear sa tábla thíos méid na n-allmhairí sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus an sciar den mhargadh maidir le hallmhairí ón tSín gan na hallmhairí sin. Léirítear leis sin, fiú agus allmhairí ón tSín ó thionscal an Aontais á bhfágáil ar lár, gur tháinig méadú 1,0 – 1,5 % ar an sciar den mhargadh maidir le hallmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 5

Allmhairí UI (tonaí) agus an sciar den mhargadh atá ag an tSín gan allmhairí UI

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí UI ó Dhaon-Phoblacht na Síne (tonaí)	[0 - 3 000]	[4 000 - 6 000]	[7 000 - 9 000]	[50 000 - 70 000]
An sciar den mhargadh maidir leis na hallmhairí ón tSín gan allmhairí UI	[5,0 – 5,5 %]	[2,0 – 2,5 %]	[2,5 – 3,0 %]	[6,0 – 6,5 %]

Foinse: Eurostat, freagraí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(160) Is ar bhonn sonraí ó Eurostat a bhunaigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí.

(161) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 6

Praghsanna allmhairí (EUR/tona)

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Praghsanna allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne	1 013	778	884	1 276
Innéacs	100	77	87	126

Foinse: Eurostat

(162) Tháinig laghdú ar mheánphraghas na n-allmhairí ón tSín ar dtús in 2020, ag sroicheadh 778 EUR/tona (ó 1 013 EUR/tona in 2019) agus ansin mhéadaigh sé go 884 EUR/tona in 2021 agus go 1 276 EUR/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba é 26 % an méadú a tháinig ar mheánphraghas aonaid na n-allmhairí dumpáilte. In 2021 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, bhí praghsanna allmhairiúcháin thart ar 9 % agus 13 % ní b'ísle i gcomparáid le praghsanna an Aontais, mar a léirítear i dTábla 10.

(163) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(a) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha; agus

(b) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na Síne chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(164) Rinneadh an chomparáid praghsanna i leith an chineáil táirge chéanna (TPE ógh amháin sa chás seo) maidir le hidirbhearta ar an leibhéal céanna trádála. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar bhonn an mhéid thuas, fuarthas go raibh sladghearradh 9,5 % faoi phraghsanna thionscal an Aontais á dhéanamh le hallmhairí dumpáilte na Síne.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(165) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(166) Mar a luaitear in aithris (19), baineadh úsáid as sampláil chun a dheimhniú ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(167) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa ghearán agus fhreagra an ghearánaigh ar cheistneoir ar leith. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí i bhfreagraí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Rinneadh amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(168) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(169) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeadh, acmhainn táirgeachta agus úsáid acmhainne

(170) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	3 173 696	3 321 519	3 365 795	3 248 786
Innéacs	100	105	106	102
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	3 718 259	3 880 522	3 956 555	4 043 716
Innéacs	100	104	106	109
Úsáid acmhainneachta	85 %	86 %	85 %	80 %
Innéacs	100	100	100	94

Foinse: Freagra ar cheistneoir ó PET Europe

(171) Tháinig méadú 2 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin gur laghdaigh roinnt táirgeoirí TPE ógh (den chuid ba mhó) de chuid an Aontais a ráta oibriúcháin i dtreo dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú. Fritháiríodh an laghdú sin ar aschur TPE ógh le treocht a bhí ag méadú maidir le dtáirgeadh TPE athchúrsáilte a shroich 63 % (632 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, suas ó 388 000 tona in 2019) le linn na tréimhse faoi bhreathnú, arb é thart ar 20 % d'acmhainneacht TPE agus de tháirgeacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(172) Tagraíonn na figiúirí acmhainneachta arna dtuairisciú d'acmhainneacht suiteáilte, ar tháinig méadú 9 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an treocht sin mar gheall ar mhéadú seasta ar an acmhainneacht táirgeachta ag saoráidí táirgeachta TPE athchúrsáilte, agus bhí an acmhainneacht táirgeachta ag táirgeoirí TPE ógh seasmhach i gcónaí.

(173) Ba é titim ghéar ar leibhéil an ráta úsáide sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin ba chúis leis an laghdú 6 % ar an ráta úsáide acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú den chuid ba mhó.

(174) Mhaígh CPCIF go raibh acmhainneacht táirgeachta TPE an Aontais ag méadú, toisc go ndearna roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais a gcuid saoráidí a leathnú nó go raibh sé beartaithe acu é sin a dhéanamh.

(175) Ní thugtar le tuiscint le méadú ar an acmhainneacht táirgeachta, ár ndóigh, gur tháinig méadú coibhéiseach ar an táirgeacht. Mar a fheictear i dTábla 7, níor tháinig an méadú táirgeachta le ráta an mhéadaithe ar an acmhainneacht, agus léiríodh le figiúirí úsáide acmhainneachta treocht anuas le linn na tréimhse faoi bhreathnú fiú.

4.4.2.2. Méid díolacháin agus an sciar den mhargadh

(176) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

An méid díolachán agus an scair den mhargadh

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	2 768 907	2 951 147	2 850 509	2 755 783
Innéacs	100	107	103	100
Sciar den mhargadh	73,5 %	77,3 %	78,5 %	70,8 %
Innéacs	100	105	107	96

Foinse: Freagra ar cheistneoir ó PET Europe

(177) Bhí méid díolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais réasúnta seasmhach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i.e. idir 2 750 agus 2 950 míle tona. Bhí méid díolacháin an Aontais in 2019 inchomparáide leis an méid a bhí i gceist le linn thréimhse an imscrúdaithe.

(178) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 2,7 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais i dtéarmaí thomhaltas an Aontais, i.e. ó 73,5 % go 70,8 %, agus bhí titim mhór 7,7 pointe céatadáin idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.2.3. Fás

(179) Tháinig méadú beag ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais seasmhach i gcónaí. Dá bhrí sin, chaill tionscal an Aontais an sciar den mhargadh, murab ionann agus sciar den mhargadh maidir leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar tháinig méadú 2.7 pointe céatadáin air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(180) Is mar seo a leanas a d'fhorbair an fhostaíocht agus an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	1 365	1 410	1 453	1 529
Innéacs	100	103	106	112
Táirgiúlacht (tona/coibhéis lánaimseartha)	2 325	2 356	2 317	2 125
Innéacs	100	101	100	91

Foinse: Freagra ar cheistneoir ó PET Europe

(181) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 12 % ar an bhfostaíocht san Aontas, agus tháinig laghdú 9 % ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ós rud é nach raibh an méadú ar an bhfostaíocht ag teacht le ráta an mhéadaithe ar an táirgeacht.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(182) Bhí na corrlaigh dhumpála go léir os cionn an leibhéil *de minimis*. Ní diomaibhseach an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(183) Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Praghsanna díola san Aontas

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	972	716	956	1 444
Innéacs	100	74	98	149
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	930	721	916	1 353
Innéacs	100	78	98	146

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(184) Léirítear sa tábla thuas forbairt an phraghais díola aonaid ar mhargadh an Aontais i gcomparáid leis an gcostas táirgeachta comhfhreagrach. Ar an meán, bhí na praghsanna díola níos airde ná costas aonaid na táirgeachta.

(185) Tháinig méadú 49 % ar mheánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas ([80]) ó 2019 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, arb é is cúis leis go príomha soláthar gan TPE agus méadú rathúil arna chur ar aghaidh ar phraghsanna amhábhar le linn 2022.

(186) Tháinig méadú ar mheánchostas táirgeachta thionscal an Aontais thar an tréimhse faoi bhreathnú, cé go raibh sé níos ísle ná na praghsanna díola (46 %). Go ginearálta, áfach, lean forbairt an chostais táirgthe an treocht chéanna leis na praghsanna díola. Ba é an phríomhthoisc a raibh tionchar aici ar an méadú ar chostas an aonaid táirgthe an méadú ar an bpraghas amhábhar ([81]) le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.3.2. Costais saothair

(187) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 11

Meánchostais lucht saothair in aghaidh an fhostaí

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	57 253	61 824	64 372	67 727
Innéacs	100	108	112	118

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(188) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 18 % ar an meánphá in aghaidh an fhostaí.

4.4.3.3. Fardail

(189) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 12

Fardail

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	67 824	51 189	58 133	83 236
Innéacs	100	75	86	123
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	6,09 %	4,67 %	5,12 %	8,05 %
Innéacs	100	77	84	132

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

([80]) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinneadh [30-35] % de na díolacháin a rinne táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais san Aontas go hindíreach trí eintitis trádála ghaolmhara.

([81]) Cinntear praghas TPE de réir thart ar 90 % de phraghsanna an phríomh-amhábhair, i.e. aigéad teireatalach íonaithe (PTA), lena n-athraítear de réir na bpraghsanna amhola dá réir sin. Bíonn ardluaineacht i bpraghsanna TPE mar thoradh air sin.

(190) Tháinig méadú 23 % ar na leibhéil stoic le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go raibh na leibhéil stoic in 2020 agus 2021 faoi bhun leibhéil 2019, tá an méadú ar fhardail in 2022 mar gheall ar charnadh stoic ag na táirgeoirí sa dara leath de 2022 de chuid is mó, nuair a tháinig laghdú ar an éileamh ar TPE.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a ardú

(191) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí ag táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 13

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	4 %	1 %	8 %	7 %
Innéacs	100	20	208	193
Sreabhadh airgid (EUR)	63 713 072	57 496 364	96 321 869	91 341 517
Innéacs	100	90	151	143
Infheistíochtaí (EUR)	2 667 066	8 305 772	15 937 339	14 756 777
Innéacs	100	311	598	553
An toradh ar infheistíochtaí	18 %	6 %	41 %	48 %
Innéacs	100	32	225	266

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(192) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí an bhrabúsacht dearfach ar feadh na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, agus taifeadadh na brabúis b'airde in 2021 agus 2022, le brabúsacht 8 % agus 7 % faoi seach. Mar a luaitear in aithris (198), áfach, thabhaigh tionscal an Aontais caillteanais (- 12 %) le linn ráithe dheireanach na tréimhse imscrúdúcháin, i bhfianaise an mhéadaithe leanúnaigh ar na hallmhairí dumpáilte ar phraghsanna níos ísle, rud a d'fhág gur cuireadh srian ar phraghsanna.

(193) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an treocht i nglansreabhadh airgid fós dearfach ar an iomlán, ag leanúint treocht chomhchosúil leis an mbrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(194) Cé go raibh infheistíochtaí sách íseal ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 453 % orthu thar an tréimhse faoi bhreathnú. Bhain an chuid is mó den infheistíocht le cothabháil líne táirgeachta arb é is aidhm di fad saoil na ngléasraí a mhéadú. Ní dhearnadh aon infheistíocht in acmhainneacht nua TPE ag saoráidí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(195) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. I gcomhréir leis an mbrabúsacht, bhí an toradh ar infheistíocht dearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus méadú 166 % tagtha air le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(196) Ní dhearnadh difear do chumas tháirgeoirí an Aontais caipiteal a thiomsú le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.3.5. Forbairtí sa tréimhse imscrúdúcháin agus i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin

(197) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú léiríodh treocht sheasmhach maidir leis na táscairí díobhála. Agus na táscairí á measúnú ar leibhéal níos mionsonraithe don tréimhse imscrúdúcháin i R1 2023, áfach, feictear treocht dhiúltach. Tá bailíochtú na treochta sin, agus na forbairtí in 2023 á gcur san áireamh, faoi réir tuilleadh imscrúdaithe ag céim chinntitheach na n-imeachtaí.

(198) Mar a leagtar amach i dTábla 14 thíos, léiríodh laghdú ar thomhaltas an Aontais, ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin thionscal an Aontais sa dá ráithe dheireanacha den tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, tar éis méadú ar an sciar den mhargadh in 2020 agus 2021, chaill tionscal an Aontais 4 phointe céatadáin den sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus 7 bpointe céatadáin eile idir deireadh 2022 agus an chéad ráithe de 2023 amháin. Léirítear an meath sin freisin i mbrabúsacht thionscal an Aontais, ar bhain caillteanas de le linn ráithe dheireanach na tréimhse imscrúdúcháin, agus leanadh den treocht sin sa chéad ráithe de 2023.

Tábla 14

2022 agus R1 2023 Tomhaltas an Aontais/táirgeacht/díolacháin/sciar den mhargadh/brabúsacht / allmhairí ón tSín

	Tomhaltas an Aontais (tonaí)	Táirgeacht an Aontais (tonaí)	Méid díolachán an Aontais (tonaí)	An sciar de mhargadh atá ag tionscal an Aontais (%)	Brabúsacht (%)	Allmhairí ón tSín (tonaí)	Praghsanna allmhairiúcháin Síneacha, lena n-áirítear comhdhleacht chustaim 6,5 % (EUR)
R1 2022	1 005 290	918 123	744 321	74 %	15 %	54 765 (lena n-áirítear [0-4 000] tona d'allmhairí UI)	1 212
R22022	1 075 432	886 642	773 099	72 %	12 %	84 906 (lena n-áirítear [20 000 -25 000] tona d'allmhairí UI)	1 306
R32022	979 842	814 673	656 453	67 %	13 %	112 658 (lena n-áirítear [20 000 -25 000] tona d'allmhairí UI)	1 426
R42022	833 326	629 348	581 910	70 %	- 12 %	52 726 (lena n-áirítear [13 000 -18 000] tona d'allmhairí UI)	1 455
R12023	1 036 561	685 594	654 045	63 %	- 11 %	134 604 (lena n-áirítear [20 000 -25 000] tona d'allmhairí UI)	1 146

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, freagra ar cheistneoirí PET Europe, Eurostat

4.4.4. *Conclúid faoi dhíobháil*

(199) Bhí tionscal an Aontais ag déanamh go maith le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí na táscairí agus na treochtaí díobhála seasmhach nó dearfach den chuid ba mhó, go háirithe ar an leibhéal micreacnamaíoch.

(200) Mar sin féin, i dtreo dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin, léirigh roinnt táscairí díobhála (go háirithe an sciar den mhargadh agus an bhrabúsacht) meath géar ar an staid ar an margadh i gcás thionscal an Aontais, thar an méid a bhféadfaí coinne a bheith leis ó thaobh filleadh na ngnáthdhálaí margaidh a bhí ann in 2019 agus 2020. Tabhaíodh caillteanais sa ráithe dheireanach de 2022, agus bhí siad sin ar leibhéil neamh-inbhuanaithe (-12 %). B'éigean do thionscal an Aontais, agus sladghearradh agus costais mhéadaithe roimhe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rátaí oibriúcháin a laghdú i bhfianaise an éilimh laghdaithe agus thosaigh sé ag cailleadh méideanna díolachán faoi dheireadh 2022, rud a léiríodh freisin sa chaillteanas den sciar den mhargadh in 2022.

(201) Rinneadh difear d'allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne in 2020 agus 2021 mar gheall ar na costais arda loingseoireachta iompair agus na dálaí eacnamaíocha le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh. Mar sin féin, nuair a chuirtear tús na tréimhse faoi bhreathnú i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin, tá méadú 58 % le feiceáil. Go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus na gnáthdhálaí margaidh ag teacht ar ais i ndiaidh phaindéim COVID-19, léirigh na hallmhairí dumpáilte treocht mhéadaitheach. Ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin agus in R1 2023, chuir na hallmhairí dumpáilte praghsanna thionscal an Aontais faoi chois. Go deimhin, i bhfianaise phraghsanna ísle na n-allmhairí Síneacha, ní fhéadfadh tionscal an Aontais díol os cionn a chostais táirgthe, agus rinneadh caillteanais freisin in R1 2023 (-11 %). I gcomparáid leis an tréimhse lena mbaineann, tá athrú ar na himthosca a eascraíonn as filleadh na ngnáthdhálaí margaidh i margadh an Aontais, a bhfuil difear á dhéanamh dó anois ag an méadú ar allmhairí ón tSín, rud is cúis le staid leochaileach thionscal an Aontais suas go dtí an chéad ráithe de 2023.

(202) Ar bhonn a bhfuil thuas, tagtar ar an gconclúid, ag an gcéim sin, go raibh tionchar diúltach ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar thionscal an Aontais, go háirithe ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin, ach ní a mhéid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an anailís ar bhagairt díobhála ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 3(9) den bhun-Rialachán.

(203) Mhaígh CPCIF, i bhfianaise fhorbairt na dtáscairí amhail brabúsacht, díolacháin, sciar den mhargadh, táirgeacht an Aontais agus acmhainneacht táirgeachta an Aontais, infheistíochtaí agus fostaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn na tréimhse sin. D'áitigh Svepol mar a chéile gus tagairt á déanamh do na treochtaí fadtéarmacha sna táscairí díobhála le linn na tréimhse faoi bhreathnú nach bhfuil díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais.

(204) Ionas go bhforchuirfidh an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála, is leor go dtiocfaí ar an gconclúid san imscrúdú go bhfuil bagairt díobhála ábhartha ann. Cé nach bhfuarthas aon díobháil ábhartha le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tugtar faoi deara go ndéantar fíorais an cháis a mheasúnú de réir Airteagal 3(9) den bhun-Rialachán chun bagairt díobhála a shuí.

5. **BAGAIRT DÍOBHÁLA**

5.1. **Réamhrá**

(205) Agus anailís á déanamh ar bhagairt díobhála ábhartha do thionscal an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 3(9), an dara fomhír, den bhun-Rialachán, cuirtear na tosca seo a leanas san áireamh:

(a) ráta suntasach méadaithe ar allmhairí dumpáilte isteach i margadh an Aontais, rud a léiríonn gur dóchúil go mbeidh méadú suntasach ar allmhairí;

(b) acmhainn dhóthanach an táirgeora onnmhaireora atá indiúscartha go héasca agus méadú atá ar tí tarlú nó méadú suntasach ar an acmhainn sin lena léirítear an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú suntasach ar onnmhairí dumpáilte isteach san Aontas, ag cur san áireamh infhaighteachta margaí onnmhairiúcháin eile a ghlacfadh aon onnmhairí breise;

(c) an bhfuil allmhairí ag teacht isteach ar phraghsanna, lena laghdófaí praghsanna go suntasach nó lena gcoiscfí méaduithe ar phraghsanna a tharlódh murach sin, agus ar dóchúil go méadófaí leo an t-éileamh ar allmhairí breise;

(d) an leibhéal fardal.

(206) Mar a léirítear leis an bhfoclaíocht 'amhail' sa dara fomhír d'airteagal 3(9), in aice leis na ceithre thoisc sin, féadfar anailís a dhéanamh ar thosca eile freisin chun bagairt díobhála a chinneadh. Go háirithe, rinne an Coimisiún tuilleadh anailíse ar thosca amhail an fhorbairt ar bhrabúsacht le déanaí, a raibh sonraí aige ina leith don tréimhse imscrúdúcháin agus don tréimhse iar-imscrúdúcháin.

(207) I ndáil leis an tréimhse faoi bhreathnú, rinne an Coimisiún athbhreithniú arís ar na sonraí a bailíodh le haghaidh 2019 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, mar go bhfuil gá le tuiscint ar staid reatha thionscal an Aontais ionas go mbeifear ábalta a chinneadh an bhfuil bagairt díobhála ann do thionscal an Aontais ([82]). Rinne sé anailís ionchasach ansin maidir leis na tosca go léir. Ina theannta sin, bhailigh sé sonraí maidir le méideanna allmhairí dumpáilte agus praghsanna allmhairiúcháin don chéad dá ráithe in 2023 chun na réamhaisnéisí a dheimhniú nó a neamhbhailiú, mar a éilíonn an Chúirt ([83]). Maidir le leibhéal na bhfardal agus na brabúsachta, bailíodh sonraí cuimsitheacha go dtí deireadh mhí an Mhárta 2023. Déanfar na sonraí sin a nuashonrú chun cinneadh cinntitheach a dhéanamh agus, nuair is féidir, déanfar anailís ar thosca eile freisin. Ag an gcéim seo, ba iad na sonraí maidir le hacmhainneacht bhreise sa tSín agus leibhéal na bhfardal na sonraí is fearr a bhí ar fáil.

(208) Ar deireadh, ceanglaítear leis an gcéad fhomhír d'airteagal 3(9), an dara habairt den bhun-Rialachán nach mór an t-athrú ar imthosca a bheith intuartha go soiléir agus go bhfuil sé ar tí tarlú.

(209) Déantar anailís ar na gnéithe sin go léir agus ar na sonraí a bhailítear sna chéad ranna eile.

5.2. **Ráta suntasach méadaithe ar allmhairí dumpáilte isteach i margadh an Aontais, rud a léiríonn gur dóchúil go mbeidh méadú suntasach ar allmhairí**

(210) Tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón tír lena mbaineann ó 192 941 go 305 055 tona idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin, mar a léirítear i dTábla 4. Bhí méadú den sórt sin suntasach idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Tugadh an treocht chéanna faoi deara in R1 2023. Le linn 2021 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinneadh na hallmhairí sin ar phraghas níos ísle ná praghas thionscal an Aontais. Deimhnítear leis an sciar den mhargadh maidir leis na hallmhairí dumpáilte sin de chuid na Síne (+ 53 %) an méadú suntasach ar allmhairí fad is a bhí an t-éileamh cobhsaí (+ 3 %). Tá sciar den mhargadh faighte ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne le hallmhairí ar phraghas íseal ar chostas tháirgeoirí an Aontais. Tháinig méadú breise (60 %) ar mhéid na n-allmhairí ón tSín sa chéad leath de 2023 (223 558 tona) (foinse: Eurostat), i gcomparáid leis an gcéad leath de 2022 (139 672 tona). Léirítear leis na sonraí atá ar fáil, ní hamháin gur léiríodh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach freisin nár stopadh nó nár aisiompaíodh an treocht sin le linn na tréimhse iar- imscrúdúcháin.

(211) Thairis sin, mar a léirítear thíos, ró-acmhainneacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais d'allmhairí na Síne, mar gheall ar easpa bearta cosanta trádála san Aontas, mar aon le bearta i gcoinne allmhairí TPE na Síne i roinnt mhaith tíortha eile, léiríonn siad sin gur dócha go dtiocfaidh méadú mór ar allmhairí Síneacha isteach san Aontas.

5.3. **Dóthain acmhainneacht indiúscartha gan srian**

(212) Maidir le hacmhainneacht TPE na Síne, léirítear san fhaisnéis atá ar fáil (Woodmac) gur tháinig méadú ar acmhainneacht táirgeachta TPE i nDaon-Phoblacht na Síne ó [11,3-12,3] milliún tona in 2020 go [11,6-12,6] milliún tona sa tréimhse imscrúdúcháin, agus gur [1,5-2,5] milliún tona a bhí san acmhainneacht bhreise le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arbh é le chéile [40-60] % ar a laghad de thomhaltas an Aontais. Meastar go dtiocfaidh méadú nach beag ar an acmhainneacht táirgeachta agus ar an acmhainneacht atá indiúscartha gan srian araon, go [21,0-23,0] milliún tona agus [10,5-11,5] milliún tona faoi seach in 2026.

(213) D'fhás éileamh intíre na Síne sa tréimhse faoi bhreathnú i gcomhréir leis an méadú ar acmhainneacht agus tá sé comhdhéanta de thart ar [50 - 60] % d'acmhainneacht na Síne. Mar sin féin, sna blianta amach romhainn, táthar ag súil go mbeidh an fás ar an acmhainneacht i bhfad níos mó ná an méadú ar an éileamh intíre, a bhfuil sé measta go

([82]) An Eagraíocht Dhomhanda Trádála, WT/DS132/R, 28 Eanáir 2000, Meicsiceo - Imscrúdú frithdhumpála síoróipe fruchtós árbhair (HFCANNA) ó na Stáit Aontaithe — Tuarascáil ón bPainéal, aithris 7.140, leathanach 214. Luaigh Painéal EDT an méid seo a leanas: '*chun teacht ar an gconclúid go bhfuil bagairt díobhála ábhartha á déanamh ar thionscal intíre nach bhfuil díobháil á déanamh dó faoi láthair de réir cosúlachta, d'ainneoin éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is gá go dtuigfear staid reatha an tionscail mar chúlra. Toisc go dtiocfaidh méadú ar allmhairí dumpáilte, agus go mbeidh éifeachtaí díobhálacha aige sin ar phraghsanna, ní hionann sin, ipso facto, agus a rá go ndéanfar díobháil don tionscal intíre — má tá an tionscal i mbail an-mhaith, nó má tá tosca eile ann, d'fhéadfadh sé nach mbeadh allmhairí dumpáilte ina mbagairt ar dhíobháil*'.

([83]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, 7 Aibreán 2016, cás-uimhir C-186/14, alt 72, lena ndeimhnítear breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Eanáir 2014, ar chás T-528/09, Hubei Xinyegang Steel Co. Ltd i gcoinne Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

dtiocfaidh laghdú go dtí faoi bhun [35 - 45] % den acmhainneacht in 2026 air. Mhéadófaí leis sin, dá bhrí sin, acmhainneacht onnmhairiúcháin na Síne ó leibhéal [5 - 6] milliún tona in 2022 go [7,5 - 8,5] milliún tona in 2023 agus níos mó ná [13 - 15] milliún tona in 2026, agus bhí tomhaltas an Aontais seasmhach ag thart ar 3,8 milliún tona le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(214) Mhaígh CPCIF go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar TPE i margadh na Síne, rud a raibh méadú comhfhreagrach ar an acmhainneacht táirgeachta mar thoradh air chun riachtanais thomhaltóirí na Síne a shásamh. Mar a luadh thuas, táthar ag súil go mbeidh an fás ar an acmhainneacht i bhfad níos mó ná an méadú ar an éileamh intíre. Dá bhrí sin, b'éigean maíomh CPCIF a dhiúltú.

(215) D'áitigh UNESDA nach bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh fás ar an táirgeacht i nDaon-Phoblacht na Síne i gcomhréir leis an méadú measta ar an acmhainneacht suiteáilte. De réir UNESDA, tá na meastacháin táirgeachta níos réadúla ná réamhaisnéis na hacmhainneachta suiteáilte amach anseo, toisc go bhfuil na meastacháin sin bunaithe ar ghléasraí oibriúcháin agus ar rátaí úsáide arna gcoigeartú de réir an éilimh. Thairis sin, d'áitigh UNESDA go bhfuil an cóimheas táirgeachta/éilimh do na blianta 2023 go 2026 cosúil leis an gcóimheas a bhí ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, nuair nár cruthaíodh díobháil do tháirgeoirí de chuid an Aontais le hacmhainneacht iomarcach Dhaon-Phoblacht na Síne.

(216) Mar a luadh in aithris (213), táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar acmhainneacht TPE i nDaon-Phoblacht na Síne sna blianta amach romhainn, agus ní mheastar go dtiocfaidh méadú ar an tomhaltas intíre i nDaon-Phoblacht na Síne ag an ráta céanna leis an acmhainneacht. Tugtar le fios leis an méadú ar an acmhainneacht táirgeachta, ar ndóigh, go bhfuil brú ar shaoráidí TPE na Síne na leibhéil táirgeachta a ardú agus dreasóidh sé iad chun deiseanna margaidh a lorg lasmuigh de Dhaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise na dteorainneacha leis an éileamh intíre. I bhfianaise thaifead onnmhairiúcháin na Síne agus tharraingteacht mhargadh an Aontais (féach aithrisí (218)-(221)), is dócha go ndíreofaí cuid réasúnta mór de tháirgeacht na Síne ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh UNESDA.

(217) I gcomhréir le hAirteagal 3(9), an 2ú fomhír, lit (b) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún anailís ar infhaighteacht margaí onnmhairiúcháin eile do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chun aon onnmhairí breise a ionsú agus fuair sé go bhfuil sé ag éirí níos deacra i gcónaí do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne rochtain a fháil ar roinnt margaí onnmhairiúcháin (móra) mar gheall ar bhearta cosanta trádála, lena n-áirítear an Airgintín, an Tuirc, an Bhrasaíl, an Indinéis, na Stáit Aontaithe, an tSeapáin, an India, agus an Afraic Theas. I mí Lúnasa 2023, d'fhorchuir Meicsiceo taraifí ar allmhairí TPE de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Ina theannta sin, tugtar faoi deara gur tháinig méadú ar onnmhairí na Síne chuig an Aontas ar luas ní b'airde sa chéad ráithe in 2023 ná onnmhairí foriomlána TPE na Síne ar fud an domhain.

(218) Mhaígh UNESDA go bhfuil aon diallas trádála a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar ghlacadh na mbeart cosanta trádála ag tríú tíortha a rinneadh cheana, ós rud é go bhfuil na bearta sin i bhfeidhm le roinnt blianta. Meastar go gcaithfear na bearta cosanta trádála a léamh i bhfianaise an bhorrtha a tháinig ar acmhainn TPE na Síne le déanaí. Agus bearta cosanta trádála i bhfeidhm i margaí onnmhairiúcháin eile, is dócha go ndíreofar acmhainneacht onnmhairiúcháin na Síne chuig na tíortha sin gan aon bhearta cosanta trádála, amhail an tAontas.

(219) D'áitigh CPCIF gurbh í an Rúis an ceann scríbe ba mhó le haghaidh onnmhairí TPE na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus go raibh tíortha Mheiriceá Laidineach fós ina bpríomhchinn scríbe le haghaidh onnmhairí na Síne. D'áitigh UNESDA freisin go bhfuil raon leathan tíortha ann nach bhfuil aon chomhchruinniú ar leith acu a d'fhéadfadh a bheith neamhghnách agus, i gcomhréir leis an daonra, go bhfuil onnmhairí Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas níos lú ná na honnmhairí chuig an Rúis, chuig na hOileáin Fhilipíneacha, chuig an Tuirc agus chuig an Ailgéir, na chéad cheithre allmhaireoir eile is mó de chuid na Síne.

(220) Shuigh an Coimisiún go raibh méid na n-onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ní ba mhó ná méid na n-onnmhairí chuig an Rúis, i.e. 305 000 tona agus 274 000 tona faoi seach, rud a léiríonn tarraingteacht mhargadh an Aontais do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Níor tháinig aon cheann de na cinn scríbe onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne do TPE gar don mhéid onnmhairí a rinneadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin chuig an Aontas. Thairis sin, lean an treocht sin ar aghaidh fiú le linn na tréimhse iar-imscrúdúcháin. Léiríodh leis na staidreamh allmhairí gurb é an tAontas príomhcheann scríbe onnmhairiúcháin TPE ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus is mór an seans go ndíreofar cuid mhór de ró-acmhainneacht na Síne lena honnmhairiú chuig an Aontas.

(221) Mar fhocal scoir, is dócha go leanfar le méideanna suntasacha den acmhainneacht iomarcach atá ann cheana maidir le TPE a dhíriú ar mhargadh an Aontais. Léirítear leis an ró-acmhainneacht atá ann faoi láthair agus le hacmhainneacht ionsúcháin neamhleor tríú stát nó Dhaon-Phoblacht na Síne féin an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú suntasach eile ar onnmhairí na Síne chuig an Aontas, i gcás gur cruthaíodh go raibh méadú ar an sciar den mhargadh réasúnta éasca le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus an chéad ráithe de 2023.

5.4. **Leibhéal praghais na n-allmhairí**

(222) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léiríodh le meánphraghas allmhairiúcháin na tíre lena mbaineann méadú 26 % le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Mar a mhínítear in aithris (165), shuigh an Coimisiún go ndearnadh praghsanna na Síne sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin. Thosaigh laghdú ag teacht ar phraghsanna na Síne sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin agus lean an treocht sin ar aghaidh sa dá ráithe i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin.

Tábla 15

Praghas allmhairiúcháin na n-allmhairí ón tSín i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin

Meánphraghas allmhairiúcháin allmhairí na Síne (euro/tona)	Eanáir 2023	Feabhra 2023	Márta 2023	Aibreán 2023	Bealtaine 2023	Meitheamh 2023
	1 158	1 067	1 030	1 011	993	1 006

Foinse: Eurostat

(223) Tháinig méadú 49 % ar phraghas díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú 46 % ar an gcostas táirgthe. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar na corrlaigh bhrabúis do 2021 agus don tréimhse imscrúdúcháin. Mar gheall ar shreabhadh mór isteach na n-allmhairí dumpáilte ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar phraghsanna lena sladghearrtar praghsanna thionscal an Aontais, b'éigean do thionscal an Aontais a phraghsanna a ísliú sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin agus sa chéad ráithe i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág go raibh staid chaillteach ann sa dá ráithe sin.

(224) Le méid mór leanúnach allmhairí na Síne ar phraghsanna atá ag laghdú i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin, léirítear athrú eile i dtreo na n-allmhairí dumpáilte sin ar phraghsanna lena gcuirtear cosc ar na praghsanna a thairgeann táirgeoirí an Aontais.

(225) Mhaígh trádálaí neamhghaolmhar gur tháinig méadú ar na praghsanna allmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa dara leath den tréimhse imscrúdúcháin, agus gur léiríodh laghdú ar phraghas thionscal an Aontais sa tréimhse chéanna. Mar thoradh air sin, bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne os cionn phraghsanna thionscal an Aontais sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin.

(226) Shuigh an Coimisiún go raibh praghas thionscal an Aontais á shladghearradh le praghas allmhairúcháin na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus go raibh an méadú ar phraghas allmhairiúcháin na Síne ní ba lú ná an méadú foriomlán ar an gcostas táirgthe. Maidir leis an ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin, mar gheall ar allmhairí na Síne a bhí ag méadú sna ráithí roimhe sin, b'éigean do thionscal an Aontais a phraghsanna a laghdú go leibhéal caillteach neamh-inbhuanaithe chun bheith iomaíoch i gcónaí, mar a leagtar amach in aithris (224).

(227) Mhaígh CPCIF go bhfuil na costais iompair cobhsaithe ó bhí thús na tréimhse imscrúdúcháin ann i ndiaidh na mbuaicphointí stairiúla.

(228) Léiríodh sa mheasúnú ón gCoimisiún gur cuireadh bac le costais loingseoireachta ar onnmhairí ón tSín chuig an Aontas ó 2021 go dtí lár 2022. Anois agus na costais laghdaithe go dtí leibhéil roimhe seo, níl an bac sin ann a thuilleadh agus mar sin tá allmhairí dumpáilte na Síne ag teacht ina rabharta ar an margadh Eorpach. Cuireann an filleadh sin ar an ngnáthleibhéal costas iompair, agus ar an deireadh leis an mborradh roimhe sin, le bagairt na díobhála.

5.5. **An leibhéal fardal**

(229) Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar fhorbairt leibhéal fardal na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais in aithris (190) agus aithris (191). Mheas an Coimisiún nach bhfuil aon tábhacht ar leith ag baint leis an toisc sin don anailís toisc go bhfuil táirgeoirí ábalta freagairt d'athruithe ar an éileamh go réasúnta tapa, agus mar sin, is féidir na stoic a choinneáil ar leibhéil inbhuanaithe. Níorbh fhéidir teacht ar aon fhianaise go bhféadfadh sé go raibh tionscal an Aontais nó táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i mbun gníomhaíochtaí stoc- charntha a mhéid a d'fhéadfadh sé go n-imreofaí tionchar suntasach ar mhargadh an Aontais go luath.

5.6. **Gnéithe eile: Brabúsacht agus táscairí eacnamaíocha eile**

(230) Cé gur léirigh tionscal an Aontais méadú ar an mbrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig meath suntasach uirthi sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar phraghsanna díola ar mhargadh an Aontais ar tháinig laghdú orthu de bharr allmhairí dumpáilte na Síne. Léiríodh le táscairí díobhála eile freisin gur tháinig meath ar staid thionscal an Aontais. Tháinig laghdú suntasach ar mhéid díolachán an Aontais, ar tháirgeacht an Aontais, agus ar an úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág gur tháinig laghdú suntasach ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh. Mar gheall ar an staid sin, laghdaigh tionscal an Aontais a phraghsanna díola sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin agus lean an costas táirgthe ag méadú, rud a raibh staid chaillteach mar thoradh air. Leanadh den treocht dhiúltach sin sa chéad ráithe in 2023 (féach Tábla 14 chun tuilleadh sonraí a fháil).

(231) Thairis sin, shuigh an Coimisiún gur ann do shochtadh praghsanna. Go deimhin, bhí tionscal an Aontais ag díol faoi bhun an chostais táirgthe sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin agus sa chéad ráithe i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Mar gheall ar an mbrú suntasach praghsanna de bharr na n-allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ó Dhaon-Phoblacht na Síne, cuireadh cosc ar thionscal an Aontais a chuid praghsanna díola a mhéadú chun staid bhrabúsach a bhaint amach, rud a raibh caillteanas ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin mar thoradh air, cailleantas a lean ar aghaidh i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin.

5.7. **Intuarthacht agus gaire an athraithe ar imthosca**

(232) Foráiltear le hAirteagal 3(9) den bhun-Rialachán '[...] ní mór go mbeadh an t-athrú ar imthosca a chruthódh cás ina mbeadh an dumpáil ina cúis díobhála, intuartha go soiléir agus go mbeadh sé ar tí tarlú.'.

(233) Rinneadh na tosca thuasluaite go léir a anailísiú agus a fhíorú maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin. Go háirithe, shroich brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais leibhéal neamh-inbhuanaithe - 12 % sa cheathrú ráithe de 2022 nuair ba mhó an brú praghsanna ón tSín i ndiaidh an mhéadaithe leanúnaigh ar allmhairí na Síne le linn na chéad trí ráithe den tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, léiríodh le sonraí na tréimhse iar-imscrúdúcháin go raibh an staid dhiúltach sin fós ann le linn an chéad ráithe de 2023. Má leantar den treocht sin, déanfar díobháil ábhartha de staid leochaileach thionscal an Aontais láithreach. Thairis sin, ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú beagnach faoi dhó ar acmhainneacht na Síne le linn na tréimhse 2020–2026, rud nach féidir a ionsú le héileamh intíre na Síne ná le margaí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne, tá margadh an Aontais ag éirí níos tarraingtí d'allmhairí ón tSín ar phraghas íseal. Bunaithe ar na sonraí le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go raibh athrú soiléir intuartha agus a bhí ar tí tarlú ar imthosca ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chruthóidh staid ina mbeidh an dumpáil ina cúis le díobháil. Nuair a tháinig athrú ar na dálaí margaidh tar éis phaindéim COVID-19, thosaigh allmhairí na Síne ag filleadh ar mhargadh an Aontais agus ag easáitiú dhíolacháin thionscal an Aontais, arbh éigean dó tosú ag laghdú a phraghsanna. Rinne tionscal an Aontais caillteanais i dtreo dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin agus R1 2023, mar bhí air díol faoina luach chun dul in iomaíocht leis na hallmhairí dumpáilte.

(234) d'áitigh Svepol nach bhféadfaí a mheas go bhfuil an gearánach i staid leochaileach ar bhonn na sonraí a cuireadh isteach sa ghearán, ach gur léiríodh leis na sonraí sin filleadh ar ghnáthdhálaí an mhargaidh i ndiaidh an bhorrtha i ndiaidh phaindéim COVID-19. D'áitigh Svepol freisin gur léiríodh go deimhin le corrlaigh bhrabúis tháirgeoirí an Aontais comharthaí go raibh tionscal cobhsaíochta ann i ndiaidh tréimhse ina raibh an brabúsacht fíor-ard, nuair a bhí táirgeoirí an Aontais ábalta praghsanna os cionn na gcostas aonaid a mhéadú, nuair a rinne siad infheistíochtaí arda agus nuair a choinnigh siad sciar ceannasach den mhargadh.

(235) D'admhaigh an Coimisiún go raibh leibhéal brabúis thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe in 2021 agus an chéad trí ráithe den tréimhse imscrúdúcháin, i bhfad ní b'airde ná mar a chonacthas sna blianta roimhe sin. Mar sin féin, léirítear leis an iliomad táscairí díobhála, amhail táirgeacht, díolacháin agus brabúsacht, titim ollmhór neamhghnách ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin go leibhéil neamh-inbhuanaithe. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí a mheas gur ionann an staid ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin agus filleadh ar ghnáthdhálaí an mhargaidh.

(236) D'áitigh CPCIF agus Svepol nár léiríodh leis na hallmhairí ón tSín díobháil thuartha nó gardhíobháil, ós rud é gur tháinig laghdú faoina leath orthu le linn na ráithe deireanaí den tréimhse imscrúdúcháin agus gur eisceacht a bhí sna hallmhairí méadaithe sa tríú ráithe den tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, mhaígh Svepol nach raibh aon chomhtharlú ama ann idir an laghdú ar dhíolacháin thionscal an Aontais agus treocht mhéid allmhairí na Síne.

(237) Chinn an Coimisiún gur tháinig méadú suntasach ar allmhairí na Síne le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar allmhairí sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin i ndiaidh méadú leanúnach géar ar allmhairí dumpáilte sna ráithí roimhe sin agus tháinig méadú eile air ina dhiaidh sin sa chéad ráithe i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Murab ionann agus maíomh Svepol, tharla sé sin i gcomhthráth le laghdú leanúnach ar dhíolacháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh ráta suntasach méadaithe ar allmhairí dumpáilte, rud a léiríonn gur dóchúil go dtiocfaidh méadú suntasach ar allmhairí.

5.8. **Conclúid maidir le bagairt díobhála**

(238) Cé go raibh ag éirí go maith le tionscal an Aontais go dtí an tríú ráithe de 2022, thosaigh laghdú as cuimse ag teacht ar bheagnach gach táscaire díobhála le linn na ráithe deireanaí de 2022. Léiríodh go sealadach leis an imscrúdú gur lean an staid dhiúltach sin ar aghaidh le linn an chéad ráithe de 2023.

(239) Cé go raibh comhghaol ard ann idir meánchostas na dtáirgeoirí de chuid an Aontais agus praghsanna díola na dtáirgeoirí de chuid Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí méadú 46 % ar chostais ann a bhí ag teacht le méadú 49 % ar an meánphraghas díola le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2019, níor tháinig ach méadú thart ar 26 % ar phraghsanna na Síne. In 2019 agus 2020, bhí meánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne os cionn phraghsanna thionscal an Aontais, ach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí sladghearradh á dhéanamh ag allmhairí na Síne.

(240) Cé gur tháinig méadú beag ar allmhairí ó thíortha eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin freisin, go háirithe ón Tuirc, ón Éigipt, agus ó Vítneam, bhí meánphraghsanna na n-allmhairí sin 1,2 % ní b'ísle ar an meán go 2,0 % ní b'airde ná meánphraghsanna díola an Aontais. Nuair a dhéantar measúnú carnach orthu, bhí na hallmhairí sin beagán níos airde ná praghsanna an Aontais.

(241) Tá réamhaisnéis thionscal an Aontais maidir le brabúsacht amach anseo agus díolacháin amach anseo diúltach. Is é is dóichí go mbeidh caillteanais mhóra, orduithe caillte agus poist laghdaithe mar thoradh ar laghdú ar dhíolacháin agus ar chorrlaigh dhiúltacha. Mar thoradh air sin, leis na tosca uile a ndearnadh measúnú orthu faoi chuimsiú Airteagal 3(9) den bhun-Rialachán, go háirithe ráta suntasach an mhéadaithe ar allmhairí dumpáilte in 2022 a lean ar aghaidh sa chéad leath de 2023 ag praghsanna a bhí ag laghdú thuilleadh, an acmhainneacht iomarcach i nDaon-Phoblacht na Síne, agus na forbairtí diúltacha i mbrabúsacht thionscal an Aontais, léirítear an treo céanna.

(242) I bhfianaise na hanailíse sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin go raibh bagairt ann go ndéanfaí díobháil intuartha agus a bhí ar tí tarlú do thionscal an Aontais ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

6. **CÚISÍOCHT**

(243) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid lena fháil amach an iad na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann is cúis leis an mbagairt díobhála ábhartha do thionscal an Aontais faoi láthair agus san am atá le teacht. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go raibh tionscal an Aontais i mbaol díobhála mar gheall thosca aitheanta eile ag an am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon bhagairt fhéideartha díobhála, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: allmhairí ó na gearánaigh agus ó na cuideachtaí gaolmhara chuig na gearánaigh, an úsáid mhéadaithe ag úsáideoirí TPE as TPE athchúrsáilte, allmhairí ó thríú tíortha eile, méaduithe costais ar amhábhair agus ar phraghsanna fuinnimh, agus méadú ar chostais infheistíochta.

6.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(244) Mar a leagtar amach in aithris (211), tháinig méadú suntasach ar an méid allmhairiúcháin TPE ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus léiríodh treocht a bhí ag méadú thar an tréimhse imscrúdúcháin agus an chéad ráithe i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin, cé is moite den ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin. Mar a léirítear in aithris (165), bhí sladghearradh á dhéanamh ag allmhairí na Síne ar phraghsanna thionscal an Aontais. Shuigh an Coimisiún freisin gur cuireadh cosc ar phraghsanna thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí TPE ón tSín, go háirithe ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

(245) Mar gheall ar an méadú suntasach ar na hallmhairí TPE ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar phraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh de bharr na n-allmhairí ón tSín agus chaill sé a staid bhrabúsach sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin.

(246) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach go raibh tionchar diúltach ag na hallmhairí dumpáilte sin ar staid thionscal an Aontais.

(247) Thairis sin, ní hamháin go bhfuil acmhainneacht bhreise shuntasach ag na táirgeoirí TPE de chuid na Síne, mar a leagtar amach in aithris (213), agus réamh-mheastar go n-éireoidh sí níos mó fós sna blianta amach romhainn, ach bhí an tAontas ar an gceann scríbe ba tharraingtí le haghaidh allmhairí dumpáilte na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chun dochair do thionscal an Aontais, agus ní bheadh aon tríú tíortha eile ábalta acmhainneacht bhreise TPE na Síne a ionsú.

(248) Mhaígh an CPCIF, ag tagairt do réasúnaíocht an Choimisiúin i gcásanna *Silico-Manganese* agus *Styrene-Butadiene-Styrene*, go raibh easpa comhtharlaithe ama ann idir treocht bhrabúsachta agus úsáid acmhainneachta thionscal an Aontais agus an méadú ar allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne, maíomh a d'athluaigh Svepol, agus go raibh an méadú ar sciar den mhargadh maidir leis an hallmhairí ón tSín agus an leibhéal sladghearrtha rótheoranta chun tionchar ábhartha a imirt ar thionscal an Aontais. Chomh maith leis sin, agus comparáid á déanamh idir figiúirí Eurostat maidir le praghsanna allmhairiúcháin Dhaon-Phoblacht na Síne agus figiúirí díolacháin thionscal an Aontais a bhí sa ghearán, d'áitigh an t-allmhaireoir neamhghaolmhar nach bhféadfadh bagairt a chur ar thionscal an Aontais a le hallmhairí Dhaon-Phoblacht na Síne nuair a tháinig méadú go hiarbhír ar phraghsanna allmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus go raibh siad cionn phraghsanna díola thionscal an Aontais ó bhí mí Mheán Fómhair 2022 ann.

(249) Shuigh an Coimisiún gur tháinig laghdú suntasach ar leibhéal táirgeachta agus ar úsáid acmhainneachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, díreach i ndiaidh tréimhse inar tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón tSín. Mar gheall ar phraghsanna na Síne, a bhí faoi bhun phraghas thionscal an Aontais agus an phraghais ó thríú tíortha eile sa chéad trí ráithe den tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú ar phraghsanna thionscal an Aontais agus ar phraghsanna tríú tíortha sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin go dtí leibhéal praghsanna na n-allmhairí ón tSín sa ráithe roimhe sin, rud a raibh leibhéal caillteach do thionscal an Aontais mar thoradh air. Léiríodh leis sin go raibh praghsanna na Síne ábalta tionchar diúltach a imirt ar an leibhéal praghsanna ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh an maíomh.

(250) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach go raibh tionchar diúltach ag allmhairí dumpáilte na Síne ar staid thionscal an Aontais agus go raibh siad ina gcúis le bagairt díobhála ábhartha do thionscal an Aontais.

6.2. **Tionchair tosca eile**

(251) Scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhfuil tosca aitheanta eile, ina n-aonar nó le chéile, ábalta an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte agus an bhagairt díobhála a suíodh go sealadach gur ann dó a mhaolú ionas nach mbeadh nasc dá leithéid ina fhíornasc nó ina nasc substaintiúil a thuilleadh.

6.2.1. *Allmhairí ó na gearánaigh agus ó na cuideachtaí gaolmhara chuig na gearánaigh*

(252) D'áitigh UNESDA go ndearna na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais Indorama agus NEO allmhairí TPE ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Go deimhin, shuigh an Coimisiún go ndearna na cuideachtaí is déantóir gearáin cuid de na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne a raibh i gceist leo [15 - 25] % d'allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne in 2022 agus [25 - 35] % sa ráithe dheireanach de 2022 amháin. Mar sin féin, fiú agus measúnú á dhéanamh ar na treochtaí allmhairiúcháin gan na hallmhairí sin, tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, níor laghdaíodh an nasc cúisíoch leis na hallmhairí ón ngearánach.

6.2.2. *An úsáid mhéadaithe a bhaineann úsáideoirí TPE as TPE athchúrsáilte*

(253) Mhaígh UNESDA gur tháinig méadú ar TPE athchúrsáilte a chur in ionad TPE ógh mar gheall ar bheartais de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le bainistiú dramhaíola agus laghdú ar úsáid plaisteach (d'ainneoin na bpraghsanna ar TPE athchúrsáilte atá níos airde go córasach thar TPE ógh), rud a raibh ráta ard úsáide TPE athchúrsáilte mar thoradh air.

(254) Go deimhin, agus anailís á déanamh ar na táscairí díobhála ar leibhéal níos gráinní, is féidir treocht atá ag méadú maidir le hacmhainneacht, táirgeadh agus díolachán TPE athchúrsáilte a urramú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, an méadú sin de thart ar 250 000 tona ar tháirgeacht agus thart ar 200 000 tona ar dhíolacháin, arb iad thart ar 20 % d'acmhainneacht agus de tháirgeacht TPE thionscal an Aontais, ní chuitíonn siad sin an caillteanas táirgeachta i leith allmhairí dumpáilte ón tSín agus an mharbhántacht maidir le díolacháin agus, dá bhrí sin, níor mhaolaigh sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an bhagairt díobhála a bhain do thionscal an Aontais. Thairis sin, sholáthair an gearánach sonraí go raibh táirgeoirí TPE ógh ag laghdú a dtáirgeachta tar éis na tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar phraghsanna TPE athchúrsáilte ísle ar mhargadh an Aontais, arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis leis.

6.2.3. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(255) D'áitigh CPCIF agus UNESDA go bhfuil méadú mór tagtha ar na méideanna allmhairí ón Éigipt, ón Tuirc, agus ó Vítneam le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach gur léirigh siad go léir laghdú suntasach ar mhéid na n-allmhairí sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, bhí an laghdú ar mhéideanna allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na ráithe sin i bhfad níos mó ná mar a bhí i gcás na dtríú tíortha eile. Ina theannta sin, thug CPCIF faoi deara go raibh na hallmhairí ón India fós suntasach agus seasmhach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus gur tháinig méadú ar na hallmhairí ón gCóiré Theas sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, d'áitigh CPCIF gurb iad na hallmhairí ó thíortha eile agus ní na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne is cúis le haon díobháil a bhaineann do thionscal an Aontais, go háirithe toisc go ndearna sladghearradh leis na hallmhairí ó na tíortha eile sin ar phraghsanna thionscal an Aontais freisin ar aon dul leis na hallmhairí ón tSín. Thairis sin, ba cheart an dleacht chustaim 6,5 % a toibhíodh ar na hallmhairí ón tSín agus iad ag teacht isteach san Aontas a ionchorprú san anailís sin.

(256) Méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile a forbraíodh thar an tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 16

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
an Éigipt	Méid (tonaí)	87 688	81 942	70 786	172 913
	Innéacs	100	93	81	197
	Sciar den mhargadh	2 %	2 %	2 %	4 %
	Meánphraghas	997	794	1 020	1 474
	Innéacs	100	80	102	148
an Tuirc	Méid (tonaí)	103 246	124 883	160 162	172 516
	Innéacs	100	121	155	167
	Sciar den mhargadh	3 %	3 %	4 %	4 %
	Meánphraghas	1 033	787	940	1 443
	Innéacs	100	76	91	140

Vítneam	Méid (tonaí)	77 961	92 359	91 709	156 003
	Innéacs	100	118	118	200
	Sciar den mhargadh	2 %	2 %	3 %	4 %
	Meánphraghas	1 008	732	940	1 426
	Innéacs	100	73	93	141
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	534 910	477 200	353 908	331 621
	Innéacs	100	89	66	62
	Sciar den mhargadh	14 %	13 %	10 %	9 %
	Meánphraghas	998	756	925	1 458
	Innéacs	100	76	93	146
Iomlán na dtríú tíortha seachas an tír lena mbaineann	Méid (tonaí)	803 805	776 385	676 564	833 052
	Innéacs	100	97	84	104
	Sciar den mhargadh	21 %	20 %	19 %	21 %
	Meánphraghas	1 003	762	940	1 451
	Innéacs	100	76	94	145

Foinse: Eurostat

(257) Mar a leagtar amach sa tábla in aithris (157), tháinig méadú 58 % ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go raibh an ráta fáis carnach don Éigipt, don Tuirc, agus do Vítneam ní ba mhó, bhí a leibhéil allmhairí aonair i bhfad níos ísle ná na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne i ndearbhfhigiúirí.

(258) Thairis sin, bhí meánphraghsanna na dtríú tíortha eile go léir le linn na tréimhse imscrúdúcháin ní b;airde ná an praghas allmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus bhí siad thart ar phraghas thionscal an Aontais. Agus measúnú carnach á dhéanamh orthu, bhí na hallmhairí sin os cionn phraghas thionscal an Aontais.

(259) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach ní hamháin nach ndearnadh na hallmhairí sin ar phraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, ach nach raibh na méideanna allmhairí ar scála a mhaolódh an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Síne agus an bhagairt díobhála do thionscal an Aontais.

6.2.4. *Feidhmíocht onnmhairithe thionscal an Aontais*

(260) Seo mar a leanas mar forbraíodh méid na n-onnmhairí ó na táirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 17

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí samplála de chuid an Aontais

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	228 466	260 053	333 941	291 338
Innéacs	100	114	146	128
Meánphraghas (EUR)	1 006	741	992	1 469
Innéacs	100	74	99	146

Foinse: sonraí fíoraithe ó fhreagraí ar an gceistneoir

(261) Tháinig méadú ar onnmhairí thionscal an Aontais ó 2019 go 2021, agus tháinig laghdú orthu ina dhiaidh sin ach bhí siad fós i bhfad os cionn na cainníochta a díoladh ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(262) Ní raibh sna honnmhairí ach cuid bheag de dhíolacháin fhoriomlána thionscal an Aontais, a raibh idir 7 % agus 10 % dá tháirgeadh in 2019 i gceist leo. Tháinig an meánphraghas díola le haghaidh onnmhairí i ndiaidh na luaineachta i gcostas táirgthe thionscal an Aontais.

(263) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nár laghdaíodh le feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus an bhagairt díobhála a fuarthas.

6.2.5. *Méaduithe costais ar amhábhair agus ar phraghsanna fuinnimh*

(264) Mhaígh UNESDA go raibh tionchar ag an ngéarchéim fuinnimh a tháinig chun cinn mar gheall ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar phraghas TPE sa dara seimeastar de 2022. D'áitigh CPCIF freisin go raibh an méadú ar chostais na n-amhábhar, na gcostas fuinnimh agus an brú boilscithe ina dtosca ba chúis le díobháil do thionscal an Aontais, agus d'áitigh sé gur tharla an laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais i gcomhthráth le ráta ard boilscithe, arbh é méadú ar chostais fuinnimh ba chúis leis. Mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin tá méadú suntasach tagtha ar phraghsanna peitriliam san Eoraip, rud a dhéanann difear do phraghas na n-amhábhar paraixiléin, aigéad teireatalach íonaithe, agus gliocól eitiléine, agus ní raibh tionchar chomh mór sin ag an ardú ar chostais fuinnimh ar tháirgeoirí TPE de chuid na Síne.

(265) Mar a leagtar amach in aithris (184), tháinig laghdú ar dtús ar chostas táirgthe thionscal an Aontais in 2020, agus ina dhiaidh sin tháinig méadú suntasach ar na costais sa tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar an gcostas táirgthe don chuid ba mhó de 2021 agus don tréimhse imscrúdúcháin. Agus na sonraí sin á measúnú ar leibhéal ráithiúil don tréimhse imscrúdúcháin, feictear go raibh ar thionscal an Aontais a phraghsanna a laghdú sa ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin go dtí an leibhéal faoi bhun a chostais táirgthe mar fhreagairt ar an iomaíocht éagórach maidir leis na hallmhairí dumpáilte. Dá bhrí sin, níor maolaíodh an nasc cúisíoch leis an méadú costais.

6.2.6. *Méadú ar chostais infheistíochta*

(266) Mhaígh CPCIF gur tháinig méadú faoi cheathair ar fhigiúirí infheistíochta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, gur tháinig méadú ar an gcaipiteal oibre mar gheall ar fhardail níos airde agus go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí rialála faoin Treoir maidir le Plaistigh aon úsáide.

(267) Mar a leagtar amach in aithris (192), shuigh an Coimisiún gur tháinig méadú suntasach go deimhin ar na hinfheistíochtaí. Mar sin féin, i gcomparáid leis an luach díolacháin ar mhargadh an Aontais, bhí na costais infheistíochta teoranta agus ní raibh siad riamh os cionn 2.1 % den láimhdeachas do na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Thairis sin, rinneadh na hinfheistíochtaí chun go n-áiritheofaí go gcomhlíonfar rialacháin an Aontais atá ann cheana, maidir le cothabháil gléasraí agus lena bhfad saoil a mhéadú. Dá bhrí sin, leis an leibhéal sin um chostais infheistíochta, níorbh fhéidir an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an bhagairt díobhála a fuarthas a mhaolú.

6.2.7. *Roghanna ceannaigh do chustaiméirí*

(268) D'áitigh Svepol go raibh na méideanna táirgeachta agus díolacháin a bhí ag laghdú ina bhfreagairtí ar athruithe ar na roghanna ceannaigh do chustaiméirí (lena n-áirítear aistriú ó chonarthaí fadtéarmacha go spotchonarthaí níos solúbtha) agus dístocáil fhorleathan ag custaiméirí TPE.

(269) Chinn an Coimisiún cé gur tháinig laghdú sealadach ar thomhaltas an Aontais sa ráithe dheireanach de 2022, gur tháinig méadú iarbhír air le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le tús na tréimhse faoi bhreathnú agus gur fhan sé ar mheánleibhéal ráithiúil na tréimhse imscrúdúcháin freisin sa chéad ráithe de 2023 (féach Tábla 3 agus Tábla 14). Dá bhrí sin, níl bunús cuí leis líomhain go ndearna custaiméirí dístocáil. Thairis sin, athrú a d'fhéadfadh a bheith ann ar théarmaí ceannaigh tosaíochta, ní féidir a mheas gur fachtóir é sin as a dtiocfadh laghdú go huathoibríoch ar tháirgeadh nó ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais. Go deimhin, fuarthas amach go sealadach san imscrúdú go ndearnadh allmhairí na Síne ar bhonn spotchonartha, agus, roimhe seo, gur dhíol tionscal an Aontais ar bhonn conarthaí fadtéarmacha den chuid ba mhó. Mar sin féin, rinneadh allmhairí na Síne ar phraghsanna dumpáilte a rinne sladghearradh ar thionscal an Aontais, rud a d'fhéadfadh an t-aistriú sin ó chonarthaí fadtéarmacha go spotchonarthaí a dhéanamh níos measa fiú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an difríocht sna conarthaí ceannaigh an éifeacht idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an bhagairt díobhála a fuarthas a dhéanamh níos measa.

6.2.8. *Conclúid maidir le cúisíocht*

(270) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca uile is eol ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Mar sin féin, ní raibh éifeacht na dtosca eile sin, más ann dóibh, ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais ach teoranta.

(271) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach ag an gcéim sin, go raibh na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ina gcúis le bagairt díobhála ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na bhfachtóirí eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach.

7. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(272) Chun leibhéal na mbeart a dhéanamh amach, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

7.1. **Corrlach díobhála**

(273) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a fháil trí dhíol ar spriocphraghas de bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(274) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt ('T&F') agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart go mbeadh an corrlach brabúis sin níos ísle ná 6 %.

(275) Bhí an brabús sa chéad dá bhliain den tréimhse faoi bhreathnú faoi bhun 6 % (in 2019 nó 2020) agus bhí dálaí an mhargaidh neamhghnách in 2021, mar gheall ar phaindéim COVID-19 mar aon le hardú gan fasach ar chostais iompair a bhaineann le laghdú foriomlán ar allmhairí ó thríú tíortha in 2021. Da bhrí sin, ní bheadh aon cheann de na blianta sin incháilithe chun spriocbhrabús a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán. Ní dhearna aon cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais maíomh cuí-réasúnaithe maidir le hinfheistíochtaí ligthe thar ceal nó costais T&D agus nuálaíochta. I bhfianaise na bhfíoras sin, chuaigh an Coimisiún i muinín úsáid a bhaint as an spriocbhrabús íosta 6 % a cuireadh le costas táirgthe iarbhír thionscal an Aontais chun an praghas neamhdhíobhála a shuí.

(276) Ós rud é nach ndearnadh aon mhaíomh cuí-réasúnaithe de bhun Airteagal 7(2d) maidir le costais reatha nó costais a bheidh ann amach anseo a eascraíonn as comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus as prótacail fúthu nó as na Coinbhinsiúin EIS atá liostaithe, níor cuireadh aon chostais bhreise leis an bpraghas neamhdhíobhála a suíodh dá bhrí sin.

(277) Rinne an Coimisiún amach ansin leibhéal an chorrlaigh díobhála bunaithe ar chomparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha aonair i nDaon-Phoblacht na Síne, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhalach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán de mheánluach ualaithe CIF allmhairithe.

(278) Mhol Svepol, dá ndéanfadh an Coimisiún dleachtanna a fhorchur, gur cheart brath ar na praghsanna iarbhír agus ar an mbrabús a rinne táirgeoirí an Aontais le linn an dara leath de 2022 chun an corrlach díobhála a shuí, toisc nach ndearnadh praghsanna díola thionscal an Aontais a laghdú nó a chosc in 2022. Tugtar faoi deara gurb í 2022 an bhliain inar tháinig méadú suntasach ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus dá bhrí sin measadh nárbh iomchuí go mbainfí úsáid mar spriocbhrabús as an mbrabús a réadaigh táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin nó aon tréimhse laistigh de 2022.

(279) Sainítear an leibhéal díothú díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach cuideachta eile' ar aon dóigh leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach Roinn 3.5).

Cuideachta	Corrlach dumpála	Corrlach díobhála
Sanfame Group: — Jiangsu Hailun Petrochemical Co., Ltd — Jiangsu Xingye Plastics Co., Ltd. — Jiangyin Xingu New Material Co., Ltd. — Jiangyin Xingtai New Material Co., Ltd.	16,0 %	6,6 %
Wankai New Materials Group: — Wankai New Materials Co., Ltd. — Chongqing Wankai New Materials Technology Co. Ltd.	22,6 %	10,7 %
China Resources Chemical Innovative Materials Group: — China Resources Chemical Innovative Materials CO., LTD — Zhuhai China Resources Chemical Innovative Materials Co., Ltd.	17,2 %	21,2 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	19,7 %	11,1 %
Gach cuideachta eile	24,2 %	27,5 %

7.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(280) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Sanfame Group: — Jiangsu Hailun Petrochemical Co., Ltd — Jiangsu Xingye Plastics Co., Ltd. — Jiangyin Xingu New Material Co., Ltd. — Jiangyin Xingtai New Material Co., Ltd.	6,6 %
Wankai New Materials Group: — Wankai New Materials Co., Ltd. — Chongqing Wankai New Materials Technology Co. Ltd.	10,7 %

China Resources Chemical Innovative Materials Group: — China Resources Chemical Innovative Materials CO., LTD — Zhuhai China Resources Chemical Innovative Materials Co., Ltd.	17,2 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	11,1 %
Gach cuideachta eile	24,2 %

8. **LEAS AN AONTAIS**

(281) Scrúdaigh an Coimisiún, seachas cinneadh a dhéanamh maidir le dumpáil dhíobhálach, an mbeadh forchur beart i gcoinne leas an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, allmhaireoirí, úsáideoirí agus tomhaltóirí.

8.1. **Leas thionscal an Aontais**

(282) Bhí TPE á tháirgeadh ag thart ar 60 cuideachta ar fud an Aontais, rud a chuir fostaíocht ar fáil do thart ar 1 500 ball foirne. Chomhoibrigh 16 tháirgeoir le linn an imscrúdaithe. Níor chuir aon cheann de na táirgeoirí aitheanta i gcoinne thionscnamh an imscrúdaithe. Mar a léirítear thuas agus anailís á déanamh ar na táscairí díobhála, léirigh tionscal an Aontais treocht atá ag dul in olcas ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin. Go sonrach, cuireadh i gcion go mór ar tháscairí díobhála a bhain le feidhmíocht airgeadais na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, amhail an bhrabúsacht. Tháinig meath ar a staid i dtionscal an Aontais ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin agus fuarthas i gcion go diúltach air mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne, rud ba chúis le bagairt díobhála ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

(283) Táthar ag súil go n-athbhunófar le forchur dleachtanna frithdhumpála sealadacha coinníollacha cóirthrádála ar mhargadh an Aontais, rud a chuirfidh deireadh leis an gcosc ar phraghsanna agus a chuirfidh ar chumas thionscal an Aontais teacht chuige féin. Thiocfadh feabhas ar bhrabúsacht thionscal an Aontais dá bharr sin. In éagmais beart, is dócha go dtiocfaidh bagairt díobhála chun cinn agus go rachaidh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in olcas agus go ndéanfar gléasraí thionscal an Aontais a dhúnadh nó go ndéanfar díomhaoin iad.

(284) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún ag an gcéim sin go rachadh forchur dleachtanna frithdhumpála chun leas thionscal an Aontais.

8.2. **Leas úsáideoirí agus allmhaireoirí neamhghaolmhara**

(285) Tá allmhaireoir neamhghaolmhar (Svepol) agus roinnt cuideachtaí úsáideoirí móra cosúil le Danone, Nestle Waters, Coca-Cola, agus Refresco, mar aon le comhlachais amhail Soft Drinks Europe (UNESDA) agus Natural Mineral Waters Europe (NWME), tar éis teacht chun cinn agus comhoibriú san imscrúdú seo. Déanann UNESDA ionadaíocht do mhórúsáideoirí corparáideacha, do tháirgeoirí deochanna boga náisiúnta, do bhuidéalóirí agus do dháileoirí, agus labhraíonn NWME ar son na dtáirgeoirí uisce mianraí nádúrtha. Sholáthair Svepol chomh maith le ceithre ghrúpa úsáideoirí (Refresco, Danone, Nestle agus Retal) freagraí struchtúrtha (arna bhfíorú ag an gcéim sin do Svepol) ar cheistneoir an Choimisiúin. Ina theannta sin, tháinig os cionn 30 úsáideoir eile (buidéalóirí den chuid ba mhó) agus comhlachais náisiúnta ón Ostair, ón mBulgáir, ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Spáinn agus ón bPolainn chun cinn, agus sholáthair siad barúlacha agus chuir siad in iúl go raibh siad i gcoinne na ndleachtanna féideartha ar allmhairí TPE.

(286) Tá an tionscal buidéalaithe TPE suntasach i dtéarmaí fostaíochta, agus soláthraíodh os cionn 300 000 post díreach ar fud 1 000 láithreán buidéalaithe. Rud atá tábhachtach, is fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') iad formhór na ngnólachtaí sin, agus is minic go mbíonn níos mó ná 50 duine fostaithe acu. Mhaígh cuid mhór de na húsáideoirí go bhfuil siad ag feidhmiú ar chorrlaigh bheaga cheana féin agus go bhfuil ardú costas rompu mar gheall ar bhearta rialála an Aontais maidir le plaistigh aon úsáide agus oibleagáidí pacáistithe eile. d'áitigh siad freisin gur tráchtearra é TPE nach dtáirgtear i gcainníochtaí leordhóthanacha san Aontas, rud a fhágann go bhfuil allmhairí ina gcuid riachtanach de thomhaltas an Aontais.

(287) Thairis sin, mhaígh na húsáideoirí agus Svepol (allmhaireoir) go mbeadh iarmhairt dhíobhálach ag forchur beart frithdhumpála ar allmhairí TPE ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar na gnólachtaí Eorpacha sin ar roinnt bealaí, mar a leagtar amach thíos.

8.2.1. *Praghsanna méadaithe ar TPE ógh*

(288) D'áitigh na húsáideoirí gur dócha go méadófaí praghsanna TPE ógh leis na bearta. Tá taifead déanta de sin ar shampla na Stát Aontaithe, a bhfuil praghsanna TPE i bhfad níos airde acu i gcomparáid le tíortha a bhfuil dleachtanna níos ísle acu nó nach bhfuil dleachtanna ar bith orthu amhail an tAontas nó an Chóiré Theas. Bheadh tionchar aige sin ar FBManna nach féidir leo na costais mhéadaithe sin a aistriú go héasca chuig a gcustaiméirí, rud a chuirfeadh bac ar thionscal na ndeochanna, i gcás ina bhfuil TPE ina chomhpháirt mhór maidir le costais. Chuir na húsáideoirí in iúl (gan aon bhunús breise) go n-athraíonn praghas TPE ar an táirge deiridh idir 8 agus 15 % agus nach féidir méadú ar phraghsanna a chur ar aghaidh go hiomlán chuig ceannaitheoirí.

8.2.2. *Aistriú níos moille chuig TPE athchúrsáilte*

(289) D'áitigh an tionscal deochanna boga go bhfuil sé ag iarraidh aistriú ó TPE ógh go dtí TPE athchúrsáilte, rud atá níos costasaí faoi láthair. D'fhéadfadh praghsanna TPE ógh níos airde moill a chur ar an aistriú sin, rud a bhainfeadh an bonn de thionscnaimh inbhuanaitheachta an tionscail.

8.2.3. *Imní faoi cheannasacht*

(290) D'áitigh roinnt úsáideoirí go ndéanfaí smacht Indorama, táirgeoir de chuid an Aontais, a chomhdhlúthú a thuilleadh i margadh TPE le bearta frithdhumpála ar allmhairí TPE ó Dhaon-Phoblacht na Síne, freisin i bhfianaise úinéireacht Indorama ar shaoráidí táirgthe TPE sa Tuirc agus san Éigipt, na chéad onnmhaireoirí móra TPE eile chuig an Aontas, agus d'áitigh siad go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag cnuasach margaidh den sórt sin ar iomaíocht agus go bhféadfadh sé nach mbeadh sí ag teacht le leasanna an Aontais i gcoitinne.

8.2.4. *Anailís ar thionchar na mbeart ar úsáideoirí agus ar allmhaireoirí neamhghaolmhara*

(291) Cé gur dócha go méadófaí go deimhin leis na bearta frithdhumpála praghas TPE agus go mbeadh tionchar diúltach acu ar na tionscail is úsáideoirí agus ar úsáideoirí deiridh táirgí TPE-phacáistithe, ní gá go gcaillfí poist i measc úsáideoirí TPE mar thoradh air sin, toisc go mbaineann 15 % de phraghsanna deiridh táirgí le costais TPE. Ina theannta sin, tagann sé ón bhfianaise atá ar fáil, ní hamháin go mbaintear úsáid iomlán as na saoráidí táirgthe TPE ag táirgeoirí an Aontais, ach go bhfuil sé d'acmhainn ag go leor tíortha eile amhail an Tuirc, an Éigipt, agus Vítneam TPE a sholáthar don tionscal is úsáideoir san Aontas.

8.3. **Uaillmhian an Aontais i dTreo Plaistigh Inbhuanaithe**

(292) Ghlac an tAontas Eorpach, ina thiomantas do chur in aghaidh an truaillithe agus na bplaisteach aon úsáide, Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach in 2015. Tugtar tús áite sa phlean seo do phlaistigh, agus dírítear ann ar straitéisí ina gcuirtear saolré iomlán na bplaisteach san áireamh. Tá TPE, plaisteach atá go hiomlán in-athchúrsáilte, chun tosaigh sna hiarrachtaí sin. In 2016, cé gur bailíodh 72,7 % de dhramhaíl phlaisteach san Aontas, níor athchúrsáladh ach 31,1 % di, rud a chuir béim ar a thábhachtaí atá glánphlaistigh amhail PTE.

8.4. **Dúshláin maidir le TPE athchúrsáilte**

(293) Leagtar síos i dtreoir an Aontais maidir le plaistigh aonúsáide spriocanna uaillmhianacha athchúrsála do na deich mbliana amach romhainn, rud a chuireann brú ar tháirgeoirí TPE an Aontais infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí TPE athchúrsáilte. Mar sin féin, tá an dul chun cinn sin faoi bhagairt ag rabharta isteach TPE dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte sin, ní bhíonn TPE athchúrsáilte a tháirgtear san Eoraip chomh hiomaíoch, rud is cúis le haistriú ar ais go TPE ógh, go háirithe nuair a bhíonn na costais fuinnimh do tháirgeadh TPE athchúrsáilte ard. De dheasca allmhairí dumpáilte, d'fhéadfaí bac a chur ar an nuálaíocht agus acmhainneacht táirgeachta TPE ógh a thógáil, agus d'fhéadfaí an lúb athchúrsála TPE a lagú, rud atá riachtanach do spriocanna laghdaithe carbóin agus athchúrsála an Aontais.

8.5 **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(294) Ina theannta sin, socraítear na dleachtanna (féach Roinn 9 thíos) ar leibhéal lena n-éascaítear allmhairí TPE ón tSín ar phraghsanna córa.

(295) Le TPE ógh nach bhfuil costasach, d'fhéadfaí bac a chur ar thiomantas an Aontais do chosaint an chomhshaoil, mar a fheictear sa treoir maidir le plaistigh aonair, ina gcuirtear béim ar infheistíochtaí a athchúrsáil.

(296) Ar an iomlán, suitear go sealadach gur mó buntáistí na mbeart ná an tionchar diúltach a d'fhéadfaí a imirt ar allmhaireoirí, úsáideoirí agus tomhaltóirí.

(297) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí TPE de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, le linn na céime seo den imscrúdú.

9. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(298) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, le díobháil, le cúisíocht, le leibhéal na mbeart agus le leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur ar gharbhagairt na díobhála ábhartha do thionscal de chuid an Aontais de bharr allmhairí dumpáilte.

(299) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí TPE de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh díobhála agus na corrlaigh dumpála in aithris (280) thuas i gcomparáid le chéile. Socraíodh méid na ndleachtanna ar an leibhéal is ísle den dumpáil agus de na corrlaigh dhíobhála.

(300) I bhfianaise an mhéid thuas ba cheart na rátaí dleachta frithdhumpála shealadaigh, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíoctha, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Sanfame Group: — Jiangsu Hailun Petrochemical Co., Ltd — Jiangsu Xingye Plastics Co., Ltd. — Jiangyin Xingu New Material Co., Ltd. — Jiangyin Xingtai New Material Co., Ltd.	6,6 %
Wankai New Materials Group: — Wankai New Materials Co., Ltd. — Chongqing Wankai New Materials Technology Co. Ltd.	10,7 %
China Resources Chemical Innovative Materials Group: — China Resources Chemical Innovative Materials CO., LTD — Zhuhai China Resources Chemical Innovative Materials Co., Ltd.	17,2 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	11,1 %
Gach cuideachta eile	24,2 %

(301) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis a bhaineann leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart go mbeadh siad faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(302) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(303) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(304) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(305) I gcomhréir le Airteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(306) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(307) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála laistigh de spriocdháta seasta.

(308) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí teireataláite poileitiléine ('TPE') ag a bhfuil slaodacht 78 ml/g nó níos airde, de réir Caighdeán ISO 1628-5, a thagann faoi chód CN 3907 61 00 faoi láthair agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála sealadaí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Sanfame Group: — Jiangsu Hailun Petrochemical Co., Ltd — Jiangsu Xingye Plastics Co., Ltd. — Jiangyin Xingu New Material Co., Ltd. — Jiangyin Xingtai New Material Co., Ltd.	6,6 %	899V
Wankai New Materials Group: — Wankai New Materials Co., Ltd. — Chongqing Wankai New Materials Technology Co. Ltd.	10,7 %	899W

China Resources Chemical Innovative Materials Group: — China Resources Chemical Innovative Materials CO., LTD — Zhuhai China Resources Chemical Innovative Materials Co., Ltd.	17,2 %	899X
Cuideachtaí comhoibríocha eile	11,1 %	Féach an iarscríbhinn
Gach cuideachta eile	24,2 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC), a mhonaraigh é sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo iarradh ar éisteacht leis an gCoimisiún, iarrfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirfear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

TÁIRGEOIRÍ ONNMHAIRIÚCHÁIN COMHOIBRÍOCHA NÁR SAMPLÁLADH

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	SINOPEC YIZHENG CHEMICAL FIBRE LIMITED LIABILITY COMPANY	899Y
Daon-Phoblacht na Síne	Dragon Special Resin (XIAMEN) Co., Ltd.	899Z
Daon-Phoblacht na Síne	Far Eastern Industries (Shanghai) Ltd.	89AA
Daon-Phoblacht na Síne	Jiangsu Ceville New Materials Technology Co., Ltd.	89AB